# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/632 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Aibreán 2021**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 47(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 bunaítear rialacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát maidir le hainmhithe agus earraí a thabhairt isteach san Aontas chun comhlíontacht reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú.

(2) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625, ní mór catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha a chur i láthair ag post rialaithe teorann chun go ndéanfar rialuithe oifigiúla orthu sula dtugtar isteach san Aontas iad.

(3) Le Rialachán (AE) 2017/625 ceanglaítear ar an gCoimisiún liostaí a bhunú, ar liostaí iad de na hainmhithe agus de na táirgí de bhunadh ainmhíoch, de na táirgí geirmeacha, de na seachtháirgí ainmhithe lena n-áirítear táirgí díorthaithe, de na táirgí ilchodacha, agus féar tirim agus tuí atá le cur i láthair le haghaidh rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus a gcóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) faoi seach, dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) á léiriú.

(4) Chun éascaíocht a dhéanamh ar rialuithe oifigiúla a dhéanann na húdaráis inniúla ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625, leis an liosta a bhunaítear sa Rialachán seo ba cheart tuairisc mhion a thabhairt ar na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch, na táirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na táirgí díorthaithe, na táirgí ilchodacha, agus féar tirim agus tuí atá faoi réir na rialuithe oifigiúla sin.

(5) Cuirtear an Rialachán seo in ionad na rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar earraí a thabhairt isteach san Aontas a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún ([3]), agus sin go hiomlán. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a aisghairm.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([2]) IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.
([3]) IO L 312, 3.12.2019, lch. 1.

(6) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ([4]) ón gCoimisiún bunaítear cásanna inar féidir, agus coinníollacha faoinar féidir, go mbeidh earraí íseal-riosca áirithe, lena n-áirítear táirgí ilchodacha, díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla sonracha a dhéanamh ar na hearraí sin. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 scriostar forálacha Chinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún ([5]) lena ndíolmhaítear táirgí ilchodacha ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann. Cuirtear an Rialachán seo in ionad na bhforálacha atá fágtha de Chinneadh 2007/275/CE maidir le táirgí ilchodacha faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht a áirithiú, ba cheart Cinneadh 2007/275/CE a aisghairm dá bhrí sin.

(7) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Leis an Rialachán seo, bunaítear liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, agus féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 agus léirítear a gcóid ón Ainmníocht Chomhcheangailte.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn “táirge ilchodach” táirge ilchodach mar a shainmhínítear i bpointe (14) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625;
2. ciallaíonn “guairí muc neamhchóireáilte” guairí muc neamhchóireáilte mar a shainmhínítear i bpointe 33 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([6]);
3. ciallaíonn “cleití neamhchóireáilte agus codanna neamhchóireáilte de chleití” cleití neamhchóireáilte agus codanna neamhchóireáilte de chleití mar a shainmhínítear i bpointe 30 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;
4. ciallaíonn “fionnadh neamhchóireáilte” fionnadh neamhchóireáilte mar a shainmhínítear i bpointe 32 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;
5. ciallaíonn “táirge idirmheánach” táirge idirmheánach mar a shainmhínítear i bpointe 35 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;
6. ciallaíonn “seithí agus craicne cóireáilte” seithí agus craicne cóireáilte mar a shainmhínítear i bpointe 28 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;
7. ciallaíonn “olann neamhchóireáilte” olann neamhchóireáilte mar a shainmhínítear i bpointe 31 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le catagóirí áirithe earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (Féach leathanach 17 den Iris Oifigiúil seo).

([5]) IO L 116, 4.5.2007, lch. 9.

([6]) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

*Airteagal 3*

**Rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a liostaítear san Iarscríbhinn**

Beidh na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch, na táirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na táirgí díorthaithe, na táirgí ilchodacha, agus féar tirim agus tuí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625.

*Airteagal 4*

**Aisghairmeacha**

1. Déantar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 agus Cinneadh 2007/275/CE a aisghairm le héifeacht ón 21 Aibreán 2021.

2. Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe sin a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**LIOSTA NA nAINMHITHE, NA dTÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH, NA dTÁIRGÍ GEIRMEACHA, NA SEACHTHÁIRGÍ AINMHITHE AGUS NA dTÁIRGÍ DÍORTHAITHE, NA dTÁIRGÍ ILCHODACHA, AGUS FÉAR TIRIM AGUS TUÍ FAOI RÉIR RIALUITHE OIFIGIÚLA AG POIST RIALAITHE TEORANN DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3**

***Nótaí:***

1. **Barúlacha ginearálta**

Cuirtear barúlacha ginearálta le Caibidlí áirithe chun na hainmhithe nó na hearraí a chumhdaítear sa chaibidil ábhartha a shoiléiriú. Ina theannta sin, i gcás inar gá, déantar tagairt do cheanglais shonracha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([1]).

Déantar liosta na seachtháirgí ilchodacha, lena gcomhlíontar coinníollacha sonracha agus atá díolmhaithe ó sheiceálacha ag poist rialaithe teorann, a leagan síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún arna bhunú ar bhonn Airteagal 48(h) agus Airteagal 77(1)(k) de Rialachán (AE) 2017/625 ([2]).

2. **Nóta a ghabhann le Caibidil**

Tá na liostaí san Iarscríbhinn seo struchtúraithe i gCaibidlí atá ag freagairt do na Caibidlí ábhartha san Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gCoimisiún ([3]).

Is mínithe iad na nótaí Caibidle a bhaintear, i gcás inar gá, as na Nótaí a ghabhann leis na Caibidlí aonair de AC.

3. **Sliocht as Nótaí Míniúcháin agus Tuairimí Aicmiúcháin anChórais Comhchuibhithe**

Rinneadh faisnéis bhreise ar na Caibidlí éagsúla a bhaint, i gcás inar ghá, ó Nótaí Míniúcháin agus Tuairimí Aicmiúcháin Chóras Comhchuibhithe na hEagraíochta Domhanda Custaim.

***Táblaí:***

4. **Colún (1) — cód AC**

Léirítear cód AC sa cholún seo. Tá AC, a bhunaítear le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, bunaithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (CC) a tugadh i gcrích sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983 agus formheastar le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle é ([4]). Le AC déantar ceannteidil agus fo-cheannteideal CC a atáirgeadh chuig sé dhigit, agus ní chruthaítear fo-cheannteidil eile a bhaineann go sonrach leis ach amháin leis an seachtú figiúr agus leis an ochtú figiúr.

I gcás ina n-úsáidtear cód ceithre dhigit: Mura sonraítear a mhalairt, na hainmhithe agus na hearraí uile a gcuirtear na ceithre dhigit sin rompu nó a ndéantar iad a chumhdach leo, cuirfear faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann iad. Sa chuid is mó de na cásanna sin, déantar na cóid AC ábhartha a áirítear sa chóras Traces dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 a mhiondealú ina gcóid sé dhigit nó ocht ndigit.

([1]) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le catagóirí áirithe earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, XX.2021, lch. 17).

([3]) IO L 256 7.9.1987, lch. 1.

([4]) IO L 198, 20.7.1987, lch. 1.

I gcás nach gceanglaítear ach ainmhithe agus earraí sonraithe áirithe faoi aon chód ceithre dhigit, sé dhigit nó ocht ndigit a chur faoi réir rialuithe oifigiúla agus nach ann d'aon fhoroinn shonrach faoin gcód sin in AC, déantar an cód a mharcáil "Ex". Sa chás sin, cinntear na hainmhithe agus na hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo le raon feidhme chód AC agus le raon feidhme na tuairisce comhfhreagraí i gcolún (2) agus leis an gcáilíocht agus leis an míniú i gcolún (3).

5. **Colún (2) — Tuairisc**

Is ionann an tuairisc ar na hainmhithe agus na hearraí agus an tuairisc a leagtar síos sa cholún tuairisce de AC.

Gan dochar do na rialacha maidir le léirmhíniú AC, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na hainmhithe agus ar na hearraí i gcolún (2), toisc go ndéantar na hainmhithe agus na hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chinneadh le cóid AC.

6. **Colún (3) — Cáilíocht agus míniú**

Leis an gcolún seo tugtar mionsonraí ar na hainmhithe nó ar an hearraí a chumhdaítear. Tá faisnéis bhreise maidir leis na hainmhithe nó leis na hearraí a chumhdaítear sna Caibidlí éagsúla de AC le fáil sna Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([5]).

Maidir le táirgí a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, ní dhéantar iad a shainaithint go sonrach i ndlí an Aontais. Déanfar rialuithe oifigiúla ar tháirgí atá páirtphróiseáilte ach atá fós ina n-amhtháirgí agus atá le próiseáil a thuilleadh i mbunaíocht fhormheasta nó chláraithe ag an gceann scríbe. Déanfaidh cigirí oifigiúla ag poist rialaithe teorann measúnú i dtaobh an bhfuil táirge díorthaithe próiseáilte go leordhóthanach chun nach gceanglaítear rialuithe oifigiúla breise, dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, a dhéanamh, agus sonróidh siad sin, nuair is gá.

CAIBIDIL 1

## Ainmhithe beo

### Nóta a ghabhann le Caibidil 1 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)

"1. Leis an gcaibidil seo cumhdaítear na hainmhithe beo uile, seachas:

(a) éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile, faoi cheannteideal 0301, 0306, 0307 nó 0308;

(b) saothráin miocrorgánach agus táirgí eile faoi cheannteideal 3002; agus

(c) ainmhithe faoi cheannteideal 9508."

### Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe

"Le Ceannteideal 0106 áirítear, *inter alia*, na hainmhithe clóis nó na hainmhithe fiáine seo a leanas:

(A) Mamaigh

(1) Príomhaigh.

(2) Míolta móra, deilfeanna agus muca mara (mamaigh den ord Cetacea); ba mara agus duganganna (mamaigh den ord Sirenia); rónta, mór-rónta agus rosuailt (mamaigh den fho-ord Pinnipedia).

(3) Eile (amhail réinfhianna, cait, madraí, leoin, tíogair, béir, eilifintí, camaill (lena n-áirítear dromadairí), séabraí, coiníní, giorriacha, fianna, antalóip (seachas iad siúd a bhaineann leis an bhfofhine *Bovinae*), seamaí, sionnaigh, minceanna, agus ainmhithe nach iad le haghaidh feirmeacha fionnaidh).

(B) Reiptílí (lena n-áirítear nathracha agus turtair)

([5]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.
([6]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

(C) Éin

(1) Éin chreiche.

(2) Siotacafoirmí (lena n-áirítear pearóidí, pearaicítí, macánna agus cocatúnna).

(3) Eile (amhail patraiscí, piasúin, gearga, creabhair, naoscacha, colúir, cearca fraoigh, gealóga garraí, lachain fhiáine, géanna fiáine, smólaigh, lonta dubha, fuiseoga, glasáin, meantáin, dordéin, péacóga, ealaí, agus éin eile nach sonraítear i gceannteideal 0105).

(D) Feithidí, amhail beacha (bídís ag taisteal i mboscaí nó i gcaighin nó i gcoirceoga nó ná bídís).

(E) Eile, e.g. froganna.

Leis an gceannteideal seo eisiatar ainmhithe atá mar chuid de shorcais, de shorcais ainmhithe nó de sheónna ainmhithe taistil eile den chineál céanna (ceannteideal 95.08).”

| **Cód AC** | **Tuairisc** | **Cáilíocht agus míniú** |
|---|---|---|
| **(1)** | **(2)** | **(3)** |
| 0101 | Capaill, asail, miúileanna agus ráinigh bheo | Uile |
| 0102 | Bó-ainmhithe beo | Uile |
| 0103 | Mucra beo | Uile |
| 0104 | Caoirigh agus gabhair bheo | Uile |
| 0105 | Éanlaith chlóis bheo, is é sin éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*, lachain, géanna, turcaithe agus guinithe | Uile |
| 0106 | Ainmhithe beo eile | Uile, lena gcumhdaítear na hainmhithe uile ó na fo-cheannteidil seo a leanas:<br>0106 11 00 (príomhaigh)<br>0106 12 00 (míolta móra, deilfeanna agus muca mara (mamaigh den ord Cetacea); ba mara agus duganganna (mamaigh den ord Sirenia); rónta, mór-rónta agus rosuailt (mamaigh den fho-ord Pinnipedia)<br>0106 13 00 (camaill agus camalóidí eile (Camelidae))<br>0106 14 (coiníní agus giorriacha)<br>0106 19 00 (eile): mamaigh seachas iad siúd faoi cheannteideal 0101, 0102, 0103, 0104, 0106 11, 0106 12, 0106 13 agus 0106 14; cumhdaítear leis sin madraí agus cait<br>0106 20 00 (reiptílí, lena n-áirítear nathracha agus turtair)<br>0106 31 00 (éin: éin chreiche)<br>0106 32 00 (éin: siotacafoirmí, lena n-áirítear pearóidí, pearaicítí, macánna agus cocatúnna)<br>0106 33 00 (ostraisí; éamúnna (Dromaius novaehollandiae)<br>0106 39 (eile): cumhdaítear leis sin éin, seachas iad siúd faoi cheannteideal 0105, 0106 31, 0106 32 agus 0106 33, lena n-áirítear colúir<br>0106 41 00 (beacha)<br>0106 49 00 (feithidí eile seachas beacha)<br>0106 90 00 (eile): na hainmhithe beo uile eile nach gcumhdaítear in áit eile, seachas mamaigh, reiptílí, éin agus feithidí. Froganna beo cibé acu le haghaidh míoladán lena gcoimeád beo, nó lena marú mar bhia don duine, cumhdaítear leis an gceannteideal seo iad. |

CAIBIDIL 2

## Feoil agus scairteach feola inite

**Nóta a ghabhann le Caibidil 2 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

“1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) Táirgí de na cineálacha ar a dtugtar tuairisc i gceannteidil 0201 go 0208 nó 0210, atá mí-oiriúnach nó neamhoiriúnach mar bhia don duine;

(b) putóga, lamhnáin ná goilí ainmhithe (ceannteideal 0504) ná fuil ainmhíoch (ceannteideal 0511 nó 3002); ná

(c) saill ainmhíoch, seachas na táirgí atá faoi cheannteideal 0209 (Caibidil 15).

…”

| **Cód AC** | **Tuairisc** | **Cáilíocht agus míniú** |
|---|---|---|
| **(1)** | **(2)** | **(3)** |
| 0201 | Feoil ó bhó-ainmhithe, atá úr nó fuaraithe | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0202 | Feoil ó bhó-ainmhithe, reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0203 | Feoil ó mhucra, atá úr, fuaraithe nó reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0204 | Feoil ó chaoirigh nó ó ghabhair, atá úr, fuaraithe nó reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0205 00 | Feoil ó chapaill, asail, miúileanna nó ráinigh, atá úr, fuaraithe nó reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0206 | Scairteach inite ó bhó-ainmhithe, ó mhucra, ó chaoirigh, ó ghabhair, ó chapaill, ó asail, ó mhiúileanna nó ó ráinigh, atá úr, fuaraithe nó reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0207 | Feoil agus scairteach inite, ó éanlaith chlóis faoi cheannteideal 0105, atá úr, fuaraithe nó reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo. |
| 0208 | Feoil agus scairteach feola inite eile, atá úr, fuaraithe nó reoite | Uile. Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo.<br>Cumhdaítear leis sin amhábhar eile chun geilitín nó collaigin a tháirgeadh mar bhia don duine. Cumhdaítear leis sin an fheoil agus an scairteach feola inite uile ó na fo-cheannteidil seo a leanas:<br>0208 10 (ó choiníní nó ó ghiorriacha)<br>0208 30 00 (ó phríomhaigh)<br>0208 40 (ó mhíolta móra, ó dheilfeanna agus ó mhuca mara (mamaigh den ord Cetacea); ó bha mara agus ó dhuganganna (mamaigh den ord Sirenia); ó rónta, ó mhór-rónta agus ó rosuailt (mamaigh den fho-ord Pinnipedia) |

| | | |
|---|---|---|
| | | 0208 50 00 (ó reiptílí, lena n-áirítear nathracha agus turtair)<br>0208 60 00 (ó chamaill agus ó chamalóidí eile (Camelidae))<br>0208 90 (eile: ó cholúir tí; ó ghéime eile nach coiníní ná giorriacha iad etc.): cumhdaítear leis sin feoil ó ghearga, ó réinfhianna nó ó aon speiceas mamaigh eile. Cumhdaítear leis sin ullmhóidí suiréime i gcód AC 0208 90 70. |
| 0209 | Saill mhuice, saor ó fheoil thrua, agus saill éanlaithe clóis, nár rindreáladh ná nár eastóscadh ar bhealach eile, atá úr, fuaraithe, reoite, saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe | Uile, cumhdaítear leis sin saill agus saill phróiseáilte araon ar a dtugtar tuairisc i gcolún (2), fiú mura bhfuil an méid sin oiriúnach ach amháin le haghaidh úsáid thionsclaíoch (mí-oiriúnach mar bhia don duine). |
| 0210 | Feoil agus scairteach feola inite, atá saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe; plúir agus min inite ó fheoil nó ó scairteach feola | Uile, cumhdaítear leis sin feoil, táirgí feola agus táirgí eile de bhunadh ainmhíoch.<br>Mar sin féin, ní dhéantar amhábhar, nach bhfuil ceaptha ná oiriúnach mar bhia don duine, a chumhdach sa chód seo.<br>Cumhdaítear leis sin próitéin ainmhíoch phróiseáilte agus cluasa muc triomaithe atá ceaptha mar bhia don duine. Fiú amháin nuair a úsáidtear na cluasa muc triomaithe sin mar bheatha ainmhithe, leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1125/2006 ón gCoimisiún ([1]) soiléirítear go bhféadfar iad a chumhdach in 0210 99 49. Mar sin féin, tá scairteach agus cluasa muc triomaithe, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine, in 0511 99 85.<br>Cumhdaítear cnámha, mar bhia don duine, faoi cheannteideal 0506.<br>Cumhdaítear ispíní faoi cheannteideal 1601.<br>Cumhdaítear eastóscáin agus súnna ó fheoil faoi cheannteideal 1603.<br>Cumhdaítear geirdheascadh faoi cheannteideal 2301. |

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1125/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Iúil 2006 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 200, 22.7.2006, lch. 3).

CAIBIDIL 3

## Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile

### Barúlacha ginearálta

Leis an gcaibidil seo cumhdaítear idir éisc bheo lena bpórú agus lena n-atáirgeadh, éisc ornáideacha bheo, agus éisc bheo nó crústaigh bheo atá ina mbeatha le linn a n-iompartha ach a allmhairítear mar bhia le haghaidh duine.

Tá na táirgí uile sa chaibidil seo faoi réir rialuithe oifigiúla.

### Nótaí a ghabhann le Caibidil 3 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)

“1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) mamaigh faoi cheannteideal 0106.

(b) feoil ó mhamaigh faoi cheannteideal 0106 (ceannteideal 0208 nó 0210);

(c) éisc (lena n-áirítear a n-aenna, a n-eochraí agus a lábáin) ná crústaigh, moilisc ná inveirteabraigh uisceacha eile, atá marbh agus mí-oiriúnach nó neamhoiriúnach mar bhia don duine de dheasca a speicis nó a reachta (Caibidil 5); plúir, min ná millíní ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc ná ó inveirteabraigh uisceacha eile, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine (ceannteideal 2301); ná

(d) caibheár ná ionadaigh chaibheáir a ullmhaítear le heochraí (ceannteideal 1604).

…”

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0301 | Éisc bheo | Uile, cumhdaítear leis sin bric, eascanna, carbáin nó aon speiceas eile nó aon iasc eile a allmhairítear lena phórú nó lena atáirgeadh.<br>Éisc bheo a allmhairítear mar bhia láithreach don duine, déileáiltear leo, chun críoch rialuithe oifigiúla, amhail is dá mba tháirgí iad.<br>Cumhdaítear leis sin éisc ornáideacha i bhfo-cheanntheidil 0301 11 00 agus 0301 19 00. |
| 0302 | Éisc, atá úr nó fuaraithe, seachas filléid éisc agus feoil éisc eile faoi cheannteideal 0304 | Uile, cumhdaítear leis sin aenna, lábáin agus eochraí atá úr nó fuaraithe, i gcód AC 0302 91 00. |
| 0303 | Éisc, reoite, seachas filléid éisc agus feoil éisc eile faoi cheannteideal 0304 | Uile, cumhdaítear leis sin aenna, lábáin agus eochraí reoite, i bhfo-cheannteideal 0303 91. |
| 0304 | Filléid éisc agus feoil éisc eile (bídís mionaithe nó ná bídís), úr, fuaraithe nó reoite | Uile. |
| 0305 | Éisc atá triomaithe, saillte nó faoi sháile; éisc dheataithe, bídís cócaráilte nó ná bídís roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní éisc, atá oiriúnach mar bhia don duine | Uile, cumhdaítear leis sin táirgí iascaigh eile amhail plúir, min agus millíní atá oiriúnach mar bhia don duine agus atá déanta as éisc; cumhdaítear leis sin cinn éisc, eireabaill éisc agus lamhnáin snámha agus táirgí iascaigh eile. |
| 0306 | Crústaigh, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, atá beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; crústaigh dheataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe; crústaigh dheataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bídís; crústaigh sa bhlaosc, cócaráilte trí ghalú nó trí uisce a bheiriú, bídís fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile nó ná bídís; plúir, min agus millíní crústach, atá oiriúnach mar bhia don duine | Uile.<br>Crústaigh bheo a allmhairítear mar bhia láithreach don duine, meastar gur táirgí iad agus déileáiltear leo amhail is dá mba tháirgí iad, chun críoch rialuithe oifigiúla.<br>Cumhdaítear leis sin séaclaí sáile ornáideacha (Artemia salina) agus a gcisteanna lena n-úsáid mar pheataí agus na crústaigh ornáideacha bheo uile. |
| 0307 | Moilisc bheo, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, atá beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; moilisc dheataithe, bídís nó ná bídís sa bhlaosc, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bídís; plúir, min agus millíní moilisc, atá oiriúnach mar bhia don duine | Cumhdaítear leis sin moilisc a fhéadfaidh a bheith cócaráilte agus deataithe ansin. Cumhdaítear moilisc chócaráilte eile i gceannteideal 1605.<br>Cumhdaítear leis sin moilisc ornáideacha bheo.<br>Moilisc bheo a allmhairítear mar bhia láithreach don duine, meastar gur táirgí iad, agus déileáiltear leo amhail is dá mba tháirgí iad, chun críoch rialuithe oifigiúla.<br>Cumhdaítear an uile cheann ó na fo-cheannteidil 0307 11 go 0307 99, amhail na samplaí seo a leanas:<br>0307 60 (seilidí, seachas gnamháin): cumhdaítear leis sin gastrapóid talún de na speicis Helix pomatia, Helix aspersa, Helix lucorum agus speicis den fhine Achatinidae. Cumhdaítear leis sin seilidí beo (lena n-áirítear seilidí fionnuisce) atá ceaptha mar bhia |

| | | |
|---|---|---|
| | | láithreach don duine agus freisin feoil seilide atá ceaptha mar bhia don duine. Cumhdaítear leis sin seilidí bánaithe nó réamhphróiseáilte. Déantar táirgí a phróiseáiltear a thuilleadh a chumhdach i gceannteideal 1605.<br>0307 91 00 (moilisc eile atá beo, úr nó fuaraithe, i.e. seachas oisrí, muiríní, diúilicíní (*Mytilus* spp., *Perna* spp.), cudail, scuideanna, ochtapais, gnamháin, breallaigh, ruacain, sliogáin na hÁirce, cluasa mara (*Haliotis* spp.) agus sliogáin (*Strombus* spp.): cumhdaítear leis sin feoil ó speicis gnamhán, bídís sa bhlaosc nó ná bídís.<br>0307 99 (moilisc eile, seachas moilisc atá beo, úr, fuaraithe nó reoite, i.e. seachas oisrí, muiríní, diúilicíní (*Mytilus* spp., *Perna* spp.), cudail, scuideanna, ochtapais, gnamháin, breallaigh, ruacain, sliogáin na hÁirce, cluasa mara (*Haliotis* spp.) agus sliogáin (*Strombus* spp.): lena n-áirítear freisin a bplúir, a min agus a millíní, atá oiriúnach mar bhia don duine). |
| 0308 | Inveirteabraigh uisce, seachas crústaigh agus moilisc atá beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; inveirteabraigh uisceacha dheataithe, seachas crústaigh agus moilisc, bídís nó ná bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní inveirteabrach uisceach seachas crústaigh agus moilisc, atá oiriúnach mar bhia don duine | Uile. |

CAIBIDIL 4

**Táirgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha Táirgí inite de bhunadh ainmhíoch, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile**

**Nóta a ghabhann le Caibidil 4 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

“1. Ciallaíonn an téarma “bainne” bainne lán-uachtair nó bainne atá bearrtha go páirteach nó go hiomlán.

2. Chun críocha cheannteideal 0405:

(a) ciallaíonn an téarma “im” im nádúrtha, im meidhg nó im ath-chomhcheangailte (atá úr, saillte nó camhraithe, lena n-áirítear im stánaithe) a dhíorthaítear go heisiach ó bhainne, ag a bhfuil cion saille bainne 80 % nó níos mó ach nach mó ná 95 % de réir meáchain, cion solad bainne nach saill uasta 2 % de réir meáchain agus cion uisce uasta 16 % de réir meáchain. Níl eiblitheoirí breise in im, ach féadfaidh clóiríd sóidiam, biadhathanna, salainn neodrúcháin agus saothrúcháin de bhaictéir ginte aigéid lachtaigh atá neamhdhíobhálach a bheith ann;

(b) ciallaíonn an téarma “leatháin déiríochta” eibleacht inleata den chineál uisce-in-ola, ina bhfuil saill bhainne arb í an t-aon saill sa táirge, ag a bhfuil cion saille bainne 39 % nó níos mó ach níos lú ná 80 % de réir meáchain.

3. Táirgí a fhaightear trí thiúchan meidhg agus trí bhainne nó saill bhainne a chur leo, tá siad le haicmiú mar cháis i gceannteideal 0406 ar choinníoll go mbeidh na trí shaintréith seo a leanas acu:

(a) is ionann a gcion saille bainne, de réir mheáchan an ábhair thirim, agus 5 % nó níos mó;

(b) is ionann a gcion ábhair thirim, de réir meáchain, agus 70 % ar a laghad ach gan bheith níos mó ná 85 %; agus

(c) tá siad múnlaithe nó inmhúnlaithe.

4. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) táirgí a fhaightear ó mheadhg, ina bhfuil méid is mó ná 95 % lachtós de réir meáchain, a shloinntear mar lachtós ainhidriúil, agus a ríomhtar de réir an ábhair thirim (ceannteideal 1702);

(b) táirgí a fhaightear ó bhainne ach substaint eile (mar shampla, saillte oiléacha) a chur in ionad ceann amháin nó níos mó dá chomhchodanna nádúrtha (mar shampla, saillte oiléacha) (ceannteideal 1901 nó 2106); ná

(c) albaiminí (lena n-áirítear tiúcháin dhá phróitéin mheidhg nó níos mó, ina bhfuil cion is mó ná 80 % próitéin mheidhg de réir meáchain, a ríomhtar de réir an ábhair thirim) (ceannteideal 3502) ná glóbailiní (ceannteideal 3504).

…”

**Sleachta as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

“Le ceannteideal 0408 cumhdaítear uibheacha iomlána nach bhfuil sna blaoscanna, agus buíocáin ó na héin uile. Féadfaidh táirgí an cheannteidil seo a bheith úr, triomaithe, cócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce, múnlaithe (e.g. “uibheacha fada” sorcóireacha) agus reoite nó leasaithe ar bhealach eile. Tagann an méid sin uile faoin gceannteideal bíodh nó ná bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leis agus bíodh nó ná bíodh sé le húsáid mar bhia nó chun críoch tionsclaíoch (e.g., le haghaidh súdaireachta).

Leis an gceannteideal seo ní chumhdaítear:

(a) Ola bhuíocháin (ceannteideal 1506).

(b) Ullmhóidí uibhe ina bhfuil blastanas, spíosraí ná breiseáin eile (ceannteideal 2106).

(c) Leicitin (ceannteideal 2923).

(d) Gealacán uibhe ar leithligh (albaimin uibhe) (ceannteideal 3502).

…

Le ceannteideal 0409 cumhdaítear mil na mbeach (*Apis mellifera*) nó ag feithidí eile, arna lártheifniú nó sa chíor nó ina bhfuil cíorbhruar, ar choinníoll nár cuireadh siúcra ná substaint eile isteach. Féadfaidh an mhil sin a bheith ainmnithe de réir bláthfhoinse, bunaidh nó datha.

Le ceannteideal 0409 eisiatar mil shaorga agus meascáin de mhil nádúrtha agus shaorga (ceannteideal 1702).

…

Le ceannteideal 0410 cumhdaítear táirgí de bhunadh ainmhíoch atá oiriúnach mar bhia don duine, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile san Ainmníocht Chomhcheangailte. Áirítear leis sin:

(a) Uibheacha turtar. Is éard atá iontu uibheacha a bheireann turtair abhann nó turtair mhara; féadfaidh siad a bheith úr, triomaithe nó leasaithe ar bhealach eile.

Eisiatar ola uibhe turtair (ceannteideal 15.06).

(b) Neadacha salangan (“neadacha éan”). Is éard atá iontu substaint a sceitheann an t-éan, rud a sholadaíonn go tapa nuair a thagann sé faoi lé an aeir.

Féadfar na neadacha a chur i láthair go neamhchóireáilte, nó féadfaidh siad a bheith glanta chun cleití, clúmh, deannach agus eisíontais eile a bhaint chun go mbeidh siad oiriúnach mar bhia don duine. Is iondúil go mbíonn siad i bhfoirm stiallacha nó snáitheanna bána.

Tá ardleibhéal próitéine i neadacha salangan agus úsáidtear iad chun anraithí nó ullmhóidí bia eile a dhéanamh, agus chun na críoch sin amháin den chuid is mó.

Le ceannteideal 0410 eisiatar fuil ainmhíoch, bíodh sí inite nó nach bíodh, i bhfoirm leachtach nó thriomaithe (ceannteideal 0511 nó 3002).”

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0401 | Bainne agus uachtar, nach bhfuil tiubhaithe ná nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo | Uile.<br>Déantar bainne le haghaidh beatha ainmhithe a chumhdach faoin gceannteideal seo, ach déantar beatha ainmhithe ina bhfuil bainne a chumhdach i gceannteideal 2309.<br>Déantar bainne le haghaidh úsáidí teiripeacha/próifiolacsacha a chumhdach i gceannteideal 3001. |
| 0402 | Bainne agus uachtar, atá tiubhaithe nó a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo | Uile. |
| 0403 | Bláthach, bainne agus uachtar gruthach, iógart, ceifír agus bainne agus uachtar coipthe nó aigéadaithe eile, bídís nó nach bídís tiubhaithe, bíodh nó ná bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo, bídís nó bídís blaistithe, nó bíodh nó ná bíodh torthaí, cnónna nó cócó breise iontu | Uile, cumhdaítear leis sin uachtar, atá blaistithe nó ina bhfuil torthaí, bainne reoite agus coipthe, atá ceaptha mar bhia don duine.<br>Cumhdaítear uachtar reoite i gceannteideal 2105.<br>Déantar deochanna ina bhfuil bainne atá blaistithe le cócó nó substaintí eile a chumhdach i gceannteideal 2202. |
| 0404 | Meadhg, bíodh nó ná bíodh sé tiubhaithe, nó bíodh nó ná bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leis; táirgí a bhfuil comhábhair bhainne nádúrtha iontu, bíodh nó ná bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile | Uile, cumhdaítear leis sin táirgí bainne le haghaidh naíonán.<br>Cumhdaítear leis sin i gcód AC 0404 10 48 gruth buí buaibheach, i bhfoirm leachtach, dhíshaillte agus dhícháiséanáite, atá ceaptha mar bhia don duine, agus i gcód AC 0404 90 21 púdar grutha bhuí atá spraethriomaithe, saill-laghdaithe agus nach bhfuil dícháiséanáite, mar bhia don duine. |
| 0405 | Im agus saill agus olaí eile a dhíorthaítear ó bhainne; leatháin déiríochta | Uile. |
| 0406 | Cáis agus gruth | Uile. |
| 0407 | Uibheacha éan, sna blaoscanna, atá úr, leasaithe nó cócaráilte | Uile, cumhdaítear leis sin uibheacha goir agus uibheacha atá saor ó phataiginí sonracha (SPF), uibheacha toirchithe lena ngoradh (0407 11 agus 0407 19).<br>Cumhdaítear leis sin uibheacha úra (0407 21 go 0407 29) agus uibheacha eile (0407 90), nach bhfuil, agus atá, oiriúnach mar bhia don duine.<br>Cumhdaítear leis sin “uibheacha atá 100 bliain d’aois”.<br>Déantar albaimin uibhe nach bhfuil, agus atá, oiriúnach mar bhia don duine a chumhdach i gceannteideal 3502. |
| 0408 | Uibheacha éan, nach bhfuil sna blaoscanna, agus buíocáin uibhe atá úr, triomaithe nó cócaráilte trí ghalú nó trí bheiriú in uisce, atá múnlaithe, reoite nó leasaithe ar bhealach eile, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh | Uile: leis an gceannteideal seo cumhdaítear táirgí uibhe bídís teaschóireáilte nó ná bídís, agus táirgí nach bhfuil oiriúnach mar bhia don duine. |
| 0409 00 00 | Mil nádúrtha | Uile. |

| | | |
|---|---|---|
| 0410 00 00 | Táirgí inite de bhunadh ainmhíoch, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile | Uile.<br>Leis an gceannteideal seo cumhdaítear an "glóthach ríoga" agus gliú na mbeach (a úsáidtear i monarú táirgí cógaisíochta agus forlíontaí bia) agus ábhar eile a dhíorthaítear ó ainmhithe atá ceaptha mar bhia don duine, seachas cnámha (a chumhdaítear in 0506).<br>Déantar feithidí nó uibheacha feithidí, atá ceaptha mar bhia don duine, a chumhdach sa chód AC seo. |

CAIBIDIL 5

## Táirgí de bhunadh ainmhíoch, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile

### Barúlacha ginearálta

Déantar ceanglais shonracha maidir le táirgí áirithe sa chaibidil seo a leagan síos i dTábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011:

Sraith 7: guairí muc

Sraith 8: olann agus fionnadh neamhchóireáilte ó ainmhithe seachas iad siúd a bhaineann leis an speiceas mucúil

Sraith 9: cleití cóireáilte, codanna de chleití agus clúmh.

### Nótaí a ghabhann le Caibidil 5 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) táirgí inite (seachas putóga, lamhnáin agus goilí ainmhithe, ina n-iomláine agus codanna díobh, agus fuil ainmhíoch i bhfoirm leachtach nó thriomaithe);

(b) seithí ná craicne (lena n-áirítear fionnadhsheithí), seachas earraí atá faoi cheannteideal 0505 agus dramh bearrtha agus dramhaíl dá shamhail ó sheithí nó ó chraicne amha atá faoi cheannteideal 0511 (Caibidil 41 nó 43);

(c) ábhair teicstíle ainmhíocha, seachas rón agus dramhaíl róin (Roinn XI); ná

(d) snaidhmeanna ná cnapáin ullmhaithe chun scuaba urláir nó scuaba a dhéanamh (ceannteideal 9603).

…

3. Ar fud na hainmníochta, meastar gur 'eabhar' atá i starrfhiacla eilifinte, dobhareich, rosuailt, narbhail agus toirc, in adharca srónbheannaigh agus i bhfiacla na n-ainmhithe uile.

4. Ar fud na hainmníochta, meastar go gciallaíonn an téarma "rón" rón moingeanna nó rón eireaball each-ainmhithe nó bó-ainmhithe. Le ceannteideal 0511 cumhdaítear, *inter alia*, rón agus dramhaíl róin, bídís nó ná bídís i bhfoirm sraitheanna le hábhar tacaíochta nó dá uireasa."

### Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe

"Le ceannteideal 0505 cumhdaítear

(1) Craicne agus codanna eile d'éin (e.g. cinn, sciatháin) lena gcleití nó lena gclúmh, agus

(2) Cleití agus codanna de chleití (bearrtha nó gan bheith) agus clúmh,

ar choinníoll go bhfuil siad neamhoibrithe, nó go bhfuil siad glanta, dífhabhtaithe nó cóireáilte lena gcaomhnú agus sin amháin, ach nach bhfuil siad oibrithe ná suite ar bhealach eile.

Le ceannteideal 0505 cumhdaítear freisin púdar, min agus dramhaíl ó chleití nó ó chodanna de chleití."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0502 10 00 | Guairí agus fionnadh muc, borraí nó torc agus a ndramhaíl | Uile, cóireáilte agus neamhchóireáilte. |
| 0504 00 00 | Putóga, lamhnáin agus goilí ainmhithe (seachas éisc), ina n-iomláine agus codanna díobh, atá úr, fuaraithe, reoite, saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe | Uile, cumhdaítear leis sin goilí, lamhnáin agus inní atá glanta, saillte, triomaithe nó téite, ar de bhunadh bó-ainmhithe, muc-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair nó éanlaithe clóis iad. |
| Ex05 05 | Craicne agus codanna eile d'éin, lena gcleití nó lena gclúmh, cleití agus codanna de chleití (bearrtha nó gan bheith) agus clúmh, nach ndearnadh obair bhreise orthu seachas iad a ghlanadh, a dhífhabhtú nó a chóireáil lena gcaomhnú; púdar agus dramhaíl ó chleití nó ó chodanna de chleití | Uile, lena n-áirítear trófaithe géim éan, ach seachas cleití maisiúla cóireáilte, cleití cóireáilte arna n-iompar ag taistealaithe dá n-úsáid phríobháideach nó coinsíneachtaí cleití cóireáilte arna seoladh chuig daoine aonair príobháideacha chun críoch neamhthionsclaíoch.<br><br>Le hAirteagal 25(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 cuirtear toirmeasc ar chleití agus codanna de chleití agus clúmh neamhchóireáilte a allmhairiú isteach san Aontas agus a iompar tríd an Aontas.<br><br>Tá rialuithe oifigiúla infheidhme maidir le cleití, agus sin go neamhspleách ar a gcóireálacha dá dtagraítear i bpointe C de Chaibidil VII d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br><br>Déantar ceanglais shonracha bhreise maidir le trófaithe géim a leagan síos i Roinn 5 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br><br>Le Roinn 6 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, cumhdaítear cleití a úsáidtear le haghaidh stuála, clúimh, cleití amha nó eile. |
| 0506 | Cnámha agus adharc-chroíthe, neamhoibrithe, díshaillte, ullmhaithe go simplí (ach nach bhfuil gearrtha de réir crutha), cóireáilte le haigéad nó dígheilitínithe; púdar agus dramhaíl na dtáirgí sin | Cumhdaítear leis sin cnámha a úsáidtear mar ábhar coganta do mhadraí agus cnámha chun geilitín nó collaigin a tháirgeadh, má dhíorthaítear ó chonablaigh a maraíodh mar bhia don duine iad.<br><br>Déantar plúr cnámh, atá ceaptha mar bhia don duine, a chumhdach faoi cheannteideal 0410.<br><br>Déantar ceanglais shonracha maidir leis na táirgí sin nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a leagan síos i Sraith 6 (trófaithe géim), i Sraith 11 (cnámha agus táirgí cnámh (seachas min cnámh), adharca agus táirgí adharc (seachas min adharc) agus crúba agus táirgí crúb (seachas min crúb) lena n-úsáid seachas mar ábhar beatha, leasachán orgánach nó feabhsaitheoir ithreach) agus i Sraith 12 (ábhar coganta do mhadraí) de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| 0507 | Eabhar, sliogán toirtíse, míolchnámha agus ribí míolchnámha, adharca, beanna, crúba, ingne, croibh agus goba, atá neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí, ach nach bhfuil gearrtha de réir crutha; púdar agus dramhaíl na dtáirgí sin | Cumhdaítear leis sin trófaithe géim ó éin agus ó chrúbacha arb éard atá iontu cnámha, adharca, crúba, croibh, beanna agus fiacla agus sin amháin.<br><br>Déantar ceanglais shonracha maidir le trófaithe géim a leagan síos i Sraith 6 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

| | | |
|---|---|---|
| Ex05 08 00 00 | Ábhair choiréil agus ábhair den chineál céanna atá neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí ach gan bheith oibrithe seachas sin; sliogáin moileasc, crústach nó eicínideirmeach agus cnámha cudail, neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí, ach nach bhfuil gearrtha de réir crutha, a bpúdar agus a ndramhaíl | Sliogáin fholmha lena n-úsáid i mbia agus lena n-úsáid mar amhábhar le haghaidh glúcósaimín.<br><br>Ina theannta sin, déantar sliogáin, lena n-áirítear cnámha cudail, ina bhfuil fíocháin bhoga nó an t-iasc dá dtagraítear i bpointe (k)(i) d'Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a chumhdach. |
| Ex05 10 00 00 | Ambargraís, castóiriam, sibhéad agus musc, cantairídí, domlas, bíodh sé triomaithe nó ná bíodh; faireoga agus táirgí ainmhithe eile a úsáidtear in ullmhú táirgí cógaisíochta atá úr, fuaraithe, reoite nó leasaithe go sealadach ar bhealach eile | Eisiatar ambargraís agus cantairídí.<br><br>Leis an gcód seo cumhdaítear faireoga, táirgí ainmhithe eile agus domlas.<br><br>Cumhdaítear faireoga agus táirgí triomaithe le ceannteideal 3001.<br><br>Féadfar ceanglais shonracha a leagan síos i Sraith 14 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí seachas bia peataí amh a mhonarú agus táirgí díorthaithe a mhonarú le haghaidh úsáidí lasmuigh den slabhra beatha (le haghaidh táirgí cógaisíochta agus teicniúla eile). |
| Ex05 11 | Táirgí ainmhithe nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile; ainmhithe marbha ó Chaibidil 1 nó ó Chaibidil 3, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine | Uile.<br><br>Cumhdaítear leis sin ábhar géiniteach (seamhan agus suthanna de bhunadh ainmhíoch amhail den speiceas buaibheach, caorach, gabhair, eachaí agus mucúil) agus seachtháirgí ainmhithe ó ábhair Chatagóirí 1 agus 2 dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.<br><br>Seo a leanas samplaí de tháirgí ainmhithe a thagann faoi réim fho-cheannteidil 0511 10 go 0511 99:<br><br>0511 10 00 (seamhan buaibheach).<br><br>0511 91 (eastóscáin ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile): uile, cumhdaítear leis sin uibheacha éisc goir, ainmhithe marbha, seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí a mhonarú agus le haghaidh táirgí cógaisíochta agus teicniúla eile. Cumhdaítear leis sin ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 3, atá inite nó aicmithe mar bhia atá mí-oiriúnach don duine, mar shampla, daifnianna, ar a dtugtar míolta gorma, agus ostracóid nó filleaphóid eile, atá triomaithe, chun éisc uisceadáin a bheathú; cumhdaítear leis sin baoite éisc.<br><br>Ex05 11 99 10 (féitheoga nó teannáin; dramh bearrtha agus dramhaíl dá shamhail ó sheithí agus craicne amha).<br><br>Tá gá le rialuithe oifigiúla le haghaidh seithí agus craicne neamhchóireáilte dá dtagraítear i bpointe C.2 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, má chomhlíontar leis sin pointí B.1 nó C.1 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br><br>Ex05 11 99 31 (múscáin nádúrtha amha de bhunadh ainmhíoch): uile, más bia don duine iad; mura bia don duine iad, oiread díobh atá ceaptha mar bhia peataí. Déantar ceanglais shonracha maidir le trófaithe géim a leagan amach i Sraith 12 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Ex05 11 99 39 (seachas múscáin nádúrtha amha de bhunadh ainmhíoch): uile, más bia don duine iad; mura bia don duine iad, oiread díobh atá ceaptha mar bhia peataí. Déantar ceanglais shonracha maidir le trófaithe géim a leagan amach i Sraith 12 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br><br>Ex05 11 99 85 (táirgí ainmhithe eile nach sonraítear ná nach n-ainmhithe marbha ó Chaibidil 1 ainmhithe marbha ó Chaibidil 1 atá mí-oiriúnach mar bhia don duine): Suthanna, ubháin, seamhan agus ábhar géiniteach nach gcumhdaítear in 0511 10 agus ó speicis eile seachas speiceas buaibheach, tagann siad faoin gceannteideal seo iad. Cumhdaíonn seachtháirgí ainmhíocha le haghaidh mhonarú bia peataí nó táirgí teicniúla eile.<br><br>Cumhdaítear leis sin rón neamhchóireáilte, táirgí beachadóireachta seachas céaracha le haghaidh úsáid beachadóireachta nó theicniúil, smiolamas le haghaidh úsáid theicniúil, ainmhithe marbha dá dtagraítear i gCaibidil 1 atá do-ite nó nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine (mar shampla: madraí, cait, feithidí), ábhar ainmhithe i gcás nár athraíodh na saintréithe fíor-riachtanacha, agus fuil ainmhíoch inite, nach ndíorthaítear ó éisc, atá ceaptha mar bhia don duine. |

CAIBIDIL 6

## Crainn bheo agus plandaí eile; bleibeanna, fréamhacha agus a leithéid; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach

### Barúlacha ginearálta

Leis an gcaibidil seo cumhdaítear sceith beacán i múirín aoiligh steirilithe de bhunadh ainmhíoch.

### Sliocht as na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le AC

"0602 90 10 Sceith beacán:

Is éard is sceith beacán ann an téarma a thugtar d'eangach snáitheanna leochaileacha (*Thallus* nó *Mycelium*), a fhaightear faoin talamh go minic, a mhaireann agus a fhásann ar dhromchla ábhair ainmhíoch nó phlandúil atá ag lobhadh agus a fhorbraíonn sna fíocháin féin agus a tháirgeann beacáin.

Leis an bhfo-cheannteideal seo áirítear táirge freisin arb éard atá ann sceith beacán, nach bhfuil forbartha go hiomlán, a chuirtear i méideanna micreascópacha ar shraith de ghráin ghránaigh iniata i múirín aoiligh capaill steirilithe (meascán de thuí agus d'aoileach capaill)."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex06 02 90 10 | Sceith beacán | Ach amháin má tá aoileach próiseáilte de bhunadh ainmhíoch ann agus má leagtar amach rialacha sonracha i Sraith 1 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 12

**Olashíolta agus torthaí olúla; Olashíolta agus torthaí olúla; gráinní, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae**

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex12 12 99 95 | Táirgí plandúla eile de chineál a úsáidtear go príomha mar bhia don duine, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile | Pailin bheiche. |
| Ex12 13 00 00 | Tuí ghránaigh agus crotail ghránaigh, neamhullmhaithe, bídís nó ná bídís mionghearrtha, meilte, brúite nó i bhfoirm millíní | Tuí amháin. |
| Ex12 14 90 | Svaeideanna, meaingil, fréamhacha farae, féar tirim, meidic na mbó (alfalfa), seamair, goirm choiligh, cál foráiste, lúipíní, peasairí agus táirgí foráiste comhchosúla, bídís nó ná bídís i bhfoirm millíní: seachas min agus millíní mheidic na mbó (alfalfa) | Féar tirim amháin. |

CAIBIDIL 15

**Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla**

**Barúlacha ginearálta**

Na saillte agus na holaí uile a dhíorthaítear ó ainmhithe. Déantar ceanglais shonracha maidir leis na táirgí seo a leanas a leagan amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011:

1. saillte rindreáilte agus olaí éisc i Sraith 3 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I;
2. saillte rindreáilte ó ábhair Chatagóir 2 chun críoch áirithe lasmuigh den slabhra bia le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe (mar shampla, chun críoch olacheimiceach) i Sraith 17 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II;
3. díorthaigh shaille i Sraith 18 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II.

Le díorthaigh shaille áirítear táirgí céadchéime a dhíorthaítear ó shaillte agus ó olaí, ina staid íon, a tháirgtear le modh a leagtar amach i bpointe 1 de Chaibidil XI d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

Tá díorthaigh a mheasctar le hábhair eile faoi réir rialuithe oifigiúla.

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 15 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

“1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) saill muice ná saill éanlaithe clóis faoi cheannteideal 0209;

(b) im cócó, saill cócó ná ola cócó (ceannteideal 1804);

(c) ullmhóidí inite ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 15 % de na táirgí faoi cheannteideal 0405 (Caibidil 21 go ginearálta);

(d) geirdheascadh (ceannteideal 2301) ná iarmhair faoi cheannteidil 2304 go 2306;

…

3. Le ceannteideal 1518 ní chumhdaítear saillte ná olaí, ná a gcodáin, atá dínádúraithe agus sin amháin, a aicmítear sa cheannteideal atá iomchuí maidir leis na saillte agus leis na holaí dínádúraithe comhfhreagracha, agus lena gcodáin dhínádúraithe chomhfhreagracha.

4. Tagann stoic ghallúnaí, dríodar agus bunanna ola, pic stéirine, pic ghliocróil agus iarmhair saile caorach faoi cheannteideal 1522."

**Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

"Le ceannteideal 1516 cumhdaítear saillte agus olaí ainmhíocha agus plandúla a chuaigh faoi thrasfhoirmiú ceimiceach sonrach de chineál a luaitear thíos, ach nach ndearnadh tuilleadh ullmhúchán orthu.

Leis an gceannteideal cumhdaítear freisin codáin de shaillte agus d'olaí ainmhíocha nó plandúla a ndearnadh cóireáil den chineál céanna orthu.

Le hidriginiú, rud a chuirtear i gcrích trí na táirgí a theagmháil le hidrigin íon ag teocht agus brú oiriúnach i láthair catalaígh (nicil mhíndealaithe go hiondúil), ardaítear leáphointí saillte agus méadaítear comhsheasmhacht olaí trí ghlicrídí neamhsháithithe (e.g. d'aigéid oiléacha, líonoiléacha, etc.) a thrasfhoirmiú ina nglicrídí sáithithe arb airde a leáphointí (e.g. d'aigéid phailmíteacha, stéaracha, etc.).

Le ceannteideal 1518 cumhdaítear meascáin nó ullmhóidí do-ite de shaillte nó d'olaí ainmhíocha nó plandúla nó de chodáin de shaillte nó d'olaí eile faoin gCaibidil seo, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile.

Leis an gcuid seo cumhdaítear, *inter alia*, ola friochta dhomhain úsáidte ina bhfuil, mar shampla, ola ráibe, ola pónaire soighe agus méid beag de shaill ainmhíoch a úsáidtear chun beathaí ainmhithe a ullmhú.

Leis an gceannteideal cumhdaítear freisin saillte agus olaí, nó a gcodáin, atá hidriginithe, idir-eistearaithe, atheistearaithe nó eilídinithe, i gcás ina mbaineann níos mó ná saill ná ola amháin leis an modhnú."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 1501 | Saill muice (lena n-áirítear blonag) agus saill éanlaithe clóis, seachas í sin faoi cheannteideal 0209 nó 1503 | Uile. |
| 1502 | Saillte ó bhó-ainmhithe, ó chaoirigh nó ó ghabhair, seachas iad siúd faoi cheannteideal 1503 | Uile. |
| 1503 00 | Stéirin bhlonaige, ola bhlonaige, oiléistéirin, ola-oilé agus ola gheire, nach bhfuil eiblithe, measctha ná ullmhaithe ar bhealach eile | Uile. |
| 1504 | Saillte agus olaí, agus a gcodáin, ó éisc nó ó mhamaigh mhuirí, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu | Uile, olaí éisc agus olaí ó tháirgí iascaigh agus ó mhamaigh mhuirí.<br>Déantar ullmhóidí inite ilghnéitheacha a chumhdach go ginearálta faoi cheannteideal 1517 nó faoi Chaibidil 21. |
| 1505 00 | Sail caorach agus substaintí sailleacha a dhíorthaítear uaithi (lena n-áirítear lanailin) | Uile, sail caorach a allmhairítear mar shaill rindreáilte mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, nó lanailin arna hallmhairiú mar tháirge idirmheánach. |
| 1506 00 00 | Saillte agus olaí ainmhíocha eile, agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach ndearnadh modhnú ceimiceach orthu | Uile.<br>Saillte nó olaí neamhscoilte, agus a gcodáin tosaigh freisin, a tháirgtear le modh a leagtar amach i bpointe 1 de Chaibidil XI d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| 1516 10 | Saillte agus olaí ainmhíocha, agus a gcodáin, atá hidriginithe, idir-eistearaithe, atheistearaithe nó | Na saillte agus na holaí ainmhíocha uile.<br>Le haghaidh rialuithe oifigiúla, le díorthaigh shaille áirítear táirgí céadchéime a dhíorthaítear ó shaillte agus ó olaí ainmhíocha, ina |

| | | |
|---|---|---|
| | eilídinithe, go páirteach nó go hiomlán, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach ndearnadh tuilleadh ullmhúchán orthu | staid íon, a tháirgtear le modh a leagtar amach i bpointe 1 de Chaibidil XI d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex15 17 | Margairín, meascáin nó ullmhóidí inite de shaillte nó olaí ainmhíocha nó plandúla nó de chodáin de shaillte nó olaí éagsúla sa chaibidil seo, seachas saillte nó olaí inite nó a gcodáin faoi cheannteideal 1516 | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex15 18 00 91 | Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a gcodáin, atá beirithe, ocsaídithe, díhiodráitithe, sulfartha, séidte, polaiméirithe le teas i bhfolús nó i dtriathghás nó ar a ndearnadh modhnú ceimiceach ar bhealach eile, seachas iad siúd faoi cheannteideal 1516 | Ach amháin má tá saillte agus olaí ainmhíocha iontu.<br><br>Díorthaigh shaille a tháirgtear le modh a leagtar amach i bpointe 1 de Chaibidil XI d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br><br>Déantar ceanglais shonracha a leagan amach i Sraith 17 (saillte rindreáilte) agus i Sraith 18 (díorthaigh shaille) de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex15 18 00 95 | Meascáin nó ullmhóidí do-ite de shaillte agus olaí ainmhíocha nó de shaillte agus olaí ainmhíocha agus plandúla agus a gcodáin | Saillte agus ullmhóidí ola, saillte rindreáilte agus díorthaigh a dhíorthaítear ó ainmhithe, agus an méid sin amháin; lena n-áirítear ola chócaireachta úsáidte, atá ceaptha lena húsáid faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.<br><br>Díorthaigh shaille a tháirgtear le modh a leagtar amach i bpointe 1 de Chaibidil XI d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex15 18 00 99 | Eile | Ach amháin má tá saill de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex15 20 00 00 | Gliocról, amh; uiscí gliocróil agus buac ghliocróil | Ach amháin má tá táirgí ainmhithe iontu. |
| 1521 90 91 | Céir beach amh agus céaracha feithidí eile | Uile, cumhdaítear leis sin céaracha i gcíora nádúrtha, céir beach amh chun críoch beachadóireachta nó teicniúil.<br><br>Le hAirteagal 25(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 cuirtear toirmeasc ar chéir bheach i bhfoirm cíor mheala a allmhairiú isteach san Aontas agus a iompar tríd an Aontas.<br><br>Déantar ceanglais shonracha maidir le seachtháirgí beachadóireachta a leagan amach i Sraith 10 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| 1521 90 99 | Céir na mbeach agus céaracha feithidí eile, bídís scagtha nó daite nó ná bídís, seachas céir amh | Uile, cumhdaítear leis sin céaracha, próiseáilte nó scagtha, bídís tuartha nó daite, chun críoch na beachadóireachta nó teicniúil.<br><br>Déantar ceanglais shonracha maidir le seachtháirgí beachadóireachta a leagan amach i Sraith 10 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br><br>Déanfar seachtháirgí beachadóireachta seachas céaracha beach a chur faoi réir rialuithe oifigiúla faoi chód AC 0511 99 85 "Eile". |
| Ex15 22 00 | Déigreás; iarmhair a thagann ó shubstaintí sailleacha nó céaracha ainmhíocha nó plandúla a chóireáil | Ach amháin má tá táirgí ainmhithe iontu.<br><br>Déantar ceanglais shonracha a leagan amach i Sraith 18 (díorthaigh shaille) de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 16

## Ullmhóidí feola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 16 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear feoil, scairteach feola, éisc, crústaigh, moilisc ná inveirteabraigh uisceacha eile arna n-ullmhú nó arna leasú leis an bpróiseas a shonraítear i gCaibidil 2 nó i gCaibidil 3 nó i gceannteideal 0504.

2. Tagann ullmhóidí bia faoin gcaibidil seo ar choinníoll gur mó ná 20 %, de réir meáchain, an cion ispíní, feola, scairtí feola, fola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile, nó aon mheascán díobh sin, atá iontu. I gcásanna ina bhfuil dhá cheann nó níos mó de na táirgí a luaitear thuas san ullmhóid, déantar í a aicmiú sa cheannteideal i gCaibidil 16 atá ag freagairt don chomhpháirt nó do na comhpháirteanna is mó de réir meáchain. Níl feidhm ag na forálacha sin maidir leis na táirgí stuáilte faoi cheannteideal 1902 ná maidir leis na hullmhóidí i gceannteideal 2103 ná i gceannteideal 2104.

*'Maidir le hullmhóidí ina bhfuil ae, ní bheidh feidhm ag forálacha an dara habairt chun na fo-cheannteidil a thagann faoi réim cheannteideal 1601 ná faoi réim cheannteideal 1602 a chinneadh.'*

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 1601 00 | Ispíní agus táirgí comhchosúla ó fheoil, ó scairteach feola nó ó fhuil; ullmhóidí bia bunaithe ar na táirgí sin | Uile, cumhdaítear leis sin feoil leasaithe i bhfoirmeacha éagsúla. |
| 1602 | Feoil, scairteach feola, nó fuil eile, atá ullmhaithe nó leasaithe | Uile, cumhdaítear leis sin feoil leasaithe i bhfoirmeacha éagsúla. |
| 1603 00 | Eastóscáin agus súnna ó fheoil, ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile | Uile, cumhdaítear leis sin eastóscáin feola agus tiúcháin feola, próitéin éisc i bhfoirm glóthaí bíodh nó ná bíodh sí fuaraithe nó reoite, agus loingeán siorca freisin. |
| 1604 | Éisc ullmhaithe nó leasaithe; caibheár agus ionadaigh chaibheáir ullmhaithe ó eochraí éisc | Uile, ullmhóidí bia cócaráilte nó réamhchócaráilte ina bhfuil éisc nó táirgí iascaigh, nó atá measctha leo siúd.<br>Cumhdaítear leis sin ullmhóidí suiréime i gcód AC 1604 20 05.<br>Cumhdaítear leis sin éisc stánaithe agus caibheár stánaithe i gcoimeádáin aer-obacha, agus súisí freisin (ar choinníoll nach bhfuil siad le haicmiú i gcód CN dá dtagraítear i gCaibidil 19).<br>Briogúin éisc mar a thugtar orthu (feoil éisc amh nó séaclaí amha le glasraí curtha i láthair ar chipín adhmaid), aicmítear i gcód AC 1604 19 97 iad. |
| 1605 | Crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile atá ullmhaithe nó leasaithe | Uile, lena n-áirítear seilidí lán-ullmhaithe nó réamhullmhaithe, crústaigh stánaithe, nó inveirteabraigh uisceacha eile chomh maith le púdar diúilicíní. |

CAIBIDIL 17

**Siúcraí agus milseogra siúcra**

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 17 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) milseogra siúcra ina bhfuil cócó (ceannteideal 1806);

(b) siúcraí atá íon ó thaobh ceimice (seachas siúcrós, lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós) ná táirgí eile faoi cheannteideal 2940;

…"

| **Cód AC** | **Tuairisc** | **Cáilíocht agus míniú** |
|---|---|---|
| **(1)** | **(2)** | **(3)** |
| Ex17 02 | Siúcraí eile, lena n-áirítear lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá íon ó thaobh ceimice de, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, bíodh sí measctha le mil nádúrtha nó ná bíodh | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin.<br>Siúcraí agus mil shaorga, i gcás ina bhfuil siad measctha le mil nádúrtha. |
| Ex17 04 | Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó ann | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |

CAIBIDIL 18

**Cócó agus ullmhóidí cócó**

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 18 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo ullmhóidí cheannteideal 0403, 1901, 1904, 1905, 2105, 2202, 2208, 3003 ná 3004.

2. Le ceannteideal 1806 áirítear milseogra siúcra ina bhfuil cócó agus, faoi réir Nóta 1 a ghabhann leis an gCaibidil seo, ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó.

…"

| **Cód AC** | **Tuairisc** | **Cáilíocht agus míniú** |
|---|---|---|
| **(1)** | **(2)** | **(3)** |
| Ex18 06 | Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch iontu |

CAIBIDIL 19

## Ullmhóidí gránach, plúir, stáirse nó bainne; táirgí cócairí taosráin

### Nótaí a ghabhann le Caibidil 19 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)

“1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) seachas i gcás táirgí stuáilte faoi cheannteideal 1902, ullmhóidí bia inar mó ná 20 %, de réir meáchain, an cion ispíní, feola, scairtí feola, fola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile, ná aon mheascán díobh sin (Caibidil 16);

…”

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex19 01 | Ullmhóidí bia de phlúr, de phiocuaran, de mhin, de stáirse nó d’eastóscán braiche, nach bhfuil cócó iontu nó ina bhfuil cion is lú ná 40 % cócó de réir meáchain a ríomhtar ar bhonn atá go hiomlán díshaillte, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile; ullmhóidí bia d’earraí faoi cheannteidil 0401 go 0404, nach bhfuil cócó iontu nó ina bhfuil cion is lú ná 5 % cócó de réir meáchain a ríomhtar ar bhonn atá go hiomlán díshaillte, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin.<br>Cumhdaítear leis sin earraí bia neamhchócaráilte (e.g. píotsaí) ina bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch.<br>Cumhdaítear ullmhóidí cócaireachta le Caibidlí 16 agus 21. |
| Ex19 02 11 00 | Pasta neamhchócaráilte, nach bhfuil stuáilte ná ullmhaithe ar bhealach eile, ina bhfuil uibheacha | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 02 20 10 | Pasta stuáilte, bíodh nó ná bíodh sé cócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile inar mó ná 20 %, de réir meáchain, an cion éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 02 20 30 | Pasta stuáilte, bíodh nó ná bíodh sé cócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile inar mó ná 20 %, de réir meáchain, an cion ispíní agus a leithéid, feola agus scairtí feola d’aon chineál, lena n-airítear saillte d’aon chineál nó bunadh | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 02 20 91 | Pasta stuáilte cócaráilte | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 02 20 99 | Eile [pasta stuáilte eile, neamhchócaráilte] | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 02 30 | Pasta eile seachas an pasta i bhfo-cheannteidil 1902 11, 1902 19 agus 1902 20 | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 02 40 | Cúscús | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |

| | | |
|---|---|---|
| Ex19 04 10 10 | Bia ullmhaithe a fhaightear trí arbhar Indiach a bhorradh nó a róstadh | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex19 04 90 10 | Bia ullmhaithe a fhaightear ó rís | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin.<br>Mar shampla súisí (ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin le haicmiú i gCaibidil 16). |
| Ex19 05 | Taosráin | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |

CAIBIDIL 20

## Ullmhóidí glasraí, torthaí cnónna nó codanna eile de phlandaí

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 20 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

…

(b) ullmhóidí bia inar mó ná 20 %, de réir meáchain, an cion ispíní, feola, scairtí feola, fola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile, ná aon mheascán díobh sin (Caibidil 16).

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex20 01 | Glasraí, torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí, ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex20 04 | Glasraí eile atá ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, reoite, seachas táirgí faoi cheannteideal 2006 | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex20 05 | Glasraí eile atá ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, nach bhfuil reoite, seachas táirgí faoi theideal 2006 | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |

CAIBIDIL 21

## Ullmhóidí inite ilghnéitheacha

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 21 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

…

(e) ullmhóidí bia, seachas na táirgí ar a dtugtar tuairisc in 2103 nó 2104, inar mó ná 20 %, de réir meáchain, an cion ispíní, feola, scairtí feola, fola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile, ná aon mheascán eile díobh sin (Caibidil 16).

…

3. Chun críocha cheannteideal 2104, ciallaíonn an téarma 'ullmhóidí bia cumaisc homaiginithe' ullmhóidí arb éard atá iontu meascán mínhomaiginithe de dhá chomhábhar bhunúsacha nó níos mó amhail feoil, iasc, glasraí, torthaí nó cnónna, atá cóirithe lena miondíol mar bhia leanaí nó chun críoch diaitéiteach, i gcoimeádáin nach mó a gcion glanmheáchain ná 250 g. Chun an sainmhíniú sin a chur i bhfeidhm, níor cheart cainníochtaí beaga d'aon chomhábhar, a fhéadfar a chur leis an meascán chun críoch blaistithe, leasaithe ná eile, a chur san áireamh. Féadfaidh cainníocht bheag de phíosaí sofheicthe comhábhar a bheith sna hullmhóidí sin.

**Nótaí breise**

…

5. Ullmhóidí bia eile a chuirtear i láthair i ndáileoga tomhaiste, amhail capsúil, táibléid, paistilí agus piollairí, agus atá ceaptha lena n-úsáid mar fhorlíontaí bia, tá siad le haicmiú faoi cheannteideal 2106, mura sonraítear nó mura n-áirítear in áit eile iad.

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex21 01 | Eastóscáin, úscraí agus tiúcháin, de chaife, de thae nó de mhaité agus ullmhóidí de bhunús na dtáirgí sin nó de bhunús caife, tae nó maité; siocaire rósta agus ionadaigh chaife rósta eile, agus eastóscáin, úscraí agus tiúcháin díobh sin | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 03 | Anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha; plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 04 | Anraithí agus bratanna agus ullmhóidí lena n-aghaidh; ullmhóidí bia cumaisc homaiginithe | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 05 00 | Uachtar reoite agus oighear inite eile, bíodh cócó iontu nó ná bíodh | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 06 10 | Tiúcháin phróitéine agus substaintí próitéine uigithe | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 06 90 51 | Síoróip lachtóis | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 06 90 92 | Ullmhóidí bia eile nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile, nach bhfuil aon saill bhainne, siúcrós, iseaglúcós, glúcós ná stáirse iontu nó inar lú ná 1,5 % a gcion saille bainne, ná 5 % a gcion siúcróis nó iseaglúcóis, ná 5 % a gcion glúcóis nó stáirse, agus sin de réir meáchain | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex21 06 90 98 | Ullmhóidí bia eile nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |

CAIBIDIL 22

**Deochanna, Biotáillí agus Fínéagar**

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 22 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"…

3. Chun críocha cheannteideal 2202, ciallaíonn an téarma "deochanna neamh-mheisciúla" deochanna nach mó ná 0,5 % a neart alcóil iomlán de réir toirte. Aicmítear deochanna meisciúla i gceannteidil 2203 go 2206 nó i gceannteideal 2208 de réir mar is iomchuí.

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex22 02 99 91 | Deochanna neamh-mheisciúla eile, seachas súnna torthaí nó glasraí faoi cheannteideal 2009 agus inar lú ná 0,2 %, de réir meáchain, an cion saille a fhaightear ó na táirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404. | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex22 02 99 95 | Deochanna neamh-mheisciúla eile, seachas súnna torthaí nó glasraí faoi cheannteideal 2009 agus arb ionann nó inar mó ná 0,2 % ach inar lú ná 2 %, de réir meáchain, an cion saille a fhaightear ó na táirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404. | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex22 02 99 99 | Deochanna neamh-mheisciúla eile, seachas súnna torthaí nó glasraí faoi cheannteideal 2009 agus arb ionann a gcion saille agus 2 % nó níos mó, de réir meáchain, a fhaightear ó na tháirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404 | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |
| Ex22 08 70 | Licéir agus coirdiail | Ach amháin má tá táirgí de bhunadh ainmhíoch sa mhéid sin. |

CAIBIDIL 23

**Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ainmhithe ullmhaithe**

**Nóta a ghabhann le Caibidil 23 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo den AC)**

"1. Le ceannteideal 2309 áirítear táirgí de chineál a úsáidtear i mbeatha d'ainmhithe, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile, a fhaightear trí ábhair phlandúla nó ainmhíocha a phróiseáil oiread a fhágann go bhfuil saintréithe fíor-riachtanacha an ábhair bhunaidh caillte acu, seachas dramhaíl phlandúil, iarmhair phlandúla agus seachtháirgí ón bpróiseáil sin.

…"

**Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

"Geirdheascadh, na fíocháin scannánacha atá fágtha tar éis rindreáil saillte muice nó saillte ainmhíocha eile. Úsáidtear geirdheascadh go príomha agus bianna ainmhithe (e.g., brioscaí madra) á n-ullmhú, ach fanann sé i gceannteideal 2301 fiú má tá sé oiriúnach mar bhia don duine."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 2301 | Plúir, min agus millíní, ó fheoil nó ó scairteach feola, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine; geirdheascadh | Uile, cumhdaítear leis sin próitéin ainmhíoch phróiseáilte nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, min feola nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, agus geirdheascadh, bíodh nó ná bíodh sé ceaptha mar bhia don duine.<br>Cumhdaítear min chleite i gceannteideal 0505.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le próitéin ainmhíoch phróiseáilte a leagan amach i Sraith 1 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex23 09 | Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeatha d'ainmhithe | Uile, má tá táirgí ainmhithe iontu, seachas fo-cheannteidil 2309 90 20 agus 2309 90 91.<br>Cumhdaítear leis sin, i measc nithe eile, bia do mhadraí nó do chait, atá cóirithe lena mhiondíol (fo-cheannteideal 2309 10), ina bhfuil táirgí ainmhithe agus ábhair intuaslagtha éisc nó mamach muirí (cód AC 2309 90 10). Táirgí ainmhithe chun críoch beathaithe ainmhithe, lena n-áirítear meascáin de mhin (amhail min chrúb is adharc).<br>Leis an gceannteideal seo cumhdaítear bainne leachtach, gruth buí agus táirgí ina bhfuil táirgí bainne, gruth buí nó carbaihiodráití, agus tá siad uile mí-oiriúnach mar bhia don duine ach oiriúnach mar bheatha d'ainmhithe.<br>Cumhdaítear leis sin bia peataí, ábhar coganta do mhadraí agus meascáin de mhin, ar féidir feithidí marbha a bheith san áireamh sna meascáin.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir bia peataí lena n-áirítear ábhar coganta do mhadraí a leagan amach i Sraith 12 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br>Cumhdaítear leis sin táirgí uibhe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus táirgí ainmhithe próiseáilte eile nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le táirgí uibhe a leagan amach i Sraith 9 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 28

**Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip**

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex28 35 25 00 | Hidriginortafosfáit chailciam ("fosfáit déchailciam") | De bhunadh ainmhíoch amháin.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le fosfáit déchailciam a leagan amach i Sraith 6 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex28 35 26 00 | Fosfáití eile cailciam | Fosfáit tríchailciam de bhunadh ainmhíoch amháin.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le fosfáit tríchailciam a leagan amach i Sraith 7 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 29

## Ceimiceáin orgánacha

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex29 22 41 | Lisín agus a eistir; a salainn | De bhunadh ainmhíoch amháin. |
| Ex29 22 42 | Aigéad glútamach agus a shalainn | De bhunadh ainmhíoch amháin. |
| Ex29 22 43 | Aigéad antrainileach agus a shalainn | De bhunadh ainmhíoch amháin. |
| Ex29 22 49 | Aimíonaigéid eile, seachas iad siúd a bhfuil níos mó ná cineál amháin feidhme ocsaigine acu, agus a n-eistir; a salainn | De bhunadh ainmhíoch amháin. |
| Ex29 25 29 00 | Imíní eile agus a ndíorthaigh seachas clóirdémeaform (ISO); a salainn | Créitín de bhunadh ainmhíoch. |
| Ex29 30 | Comhdhúile orgánasulfair | Aimíonaigéid de bhunadh ainmhíoch amhail:<br>Ex29 30 90 13 Cistéin agus cistín;<br>Ex29 30 90 16 Díorthaigh de chistéin nó de chistín. |
| Ex29 32 99 00 | Comhdhúile heitreachioglacha eile nach bhfuil ach heitrea-adamh ocsaigine nó heitrea-adaimh ocsaigine iontu | De bhunadh ainmhíoch amháin, mar shampla glúcósaimín, glúcósaimín-6-fosfáit agus a sulfáití. |
| Ex29 42 00 00 | Comhdhúile orgánacha eile | De bhunadh ainmhíoch amháin. |

CAIBIDIL 30

## Táirgí cógaisíochta

### Barúlacha ginearálta

Táirgí íocshláinte críochnaithe, nach gcumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ná le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, eisiatar ón liosta iad. Áirítear táirgí idirmheánacha.

I gceannteideal 3001 (faireoga agus orgáin eile le haghaidh úsáidí orgánaiteiripeacha, atá triomaithe, bídís nó ná bídís púdraithe; Eastóscáin faireog nó orgán eile nó eastóscáin dá dtáil, seachas eastóscáin de bhunús daonna heipirin agus a salainn; substaintí daonna nó ainmhíocha eile a ullmhaítear le haghaidh úsáidí teiripeacha nó próifiolacsacha, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile), níl ach táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe faoi fho-cheannteidil 3001 20 agus 3001 90 ábhartha maidir le rialuithe oifigiúla. Déantar ceanglais shonracha maidir leis na táirgí seo a leanas a leagan amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011:

1. Sraith 2 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II maidir le táirgí fola le haghaidh táirgí teicniúla seachas ó eachainmhithe, agus

2. Sraith 3 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II le haghaidh táirgí fola agus táirgí fola ó eachainmhithe, agus

3. Sraith 14 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II le haghaidh seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí a mhonarú seachas bia peataí amh agus chun táirgí díorthaithe a mhonarú lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beatha.

I gceannteideal 3002 (fuil an duine; Fuil ainmhíoch arna hullmhú le haghaidh úsáidí teiripeacha, próifiolacsacha nó diagnóiseacha antaiséirim, codáin fola agus táirgí imdhíoneolaíocha eile, bídís modhnaithe nó ná bídís, nó bídís faighte trí phróisis bhith-theicneolaíocha nó ná bídís; vacsaíní, tocsaíní, saothrúcháin miocrorgánach (seachas giostaí) agus táirgí comhchosúla) níl ach fo-cheannteidil 3002 12 agus 3002 90 ábhartha maidir le rialuithe oifigiúla. Maidir le fuil dhaonna in 3002 90 10 agus vacsaíní i bhfo-cheannteidil 3002 20 agus 3002 30 ní gá iad a chur faoi rialuithe oifigiúla.

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 3001 20 90 | Eastóscáin faireog nó orgán eile nó eastóscáin dá dtáil, seachas eastóscáin de bhunús daonna | Uile, cumhdaítear leis sin táirge a ghníomhaíonn mar tháirge ionaid le haghaidh an ghrutha bhuí mháthartha agus a úsáidtear i mbeatha do laonna. |
| Ex30 01 90 91 | Substaintí ainmhíocha arna n-ullmhú le haghaidh úsáidí teiripeacha nó próifiolacsacha: heipirin agus a salainn | Na táirgí ainmhithe uile, atá dírithe ar phróiseáil bhreise, i gcomhréir le hAirteagal 34(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, chun na táirgí díorthaithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (f) d'Airteagal 33 den Rialachán seo a mhonarú. |
| 3001 90 98 | Substaintí ainmhíocha eile seachas heipirin agus a salainn arna n-ullmhú le haghaidh úsáidí teiripeacha nó próifiolacsacha, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile | Uile.<br>I dteannta na bhfaireog agus na n-orgán eile a luaitear i Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 3001, cumhdaítear leis an bhfo-cheannteideal seo an hipifiseas, na capsúil osduánacha agus an fhaireog thíoróideach; seachas iad siúd a shonraítear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. |
| Ex30 02 12 00 | Antaiséirim agus codáin fola eile | Táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe amháin.<br>Eisiatar táirgí íocshláinte críochnaithe don tomhaltóir deiridh.<br>Eisiatar antasubstaintí agus DNA.<br>Faoi cheannteideal 3002, leagtar amach ceanglais shonracha maidir le seachtháirgí ainmhithe a chumhdaítear le Tábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 agus a shonraítear sna Sraitheanna seo a leanas:<br>Sraith 2: táirgí fola seachas ó eachainmhithe;<br>Sraith 3: fuil agus táirgí fola ó eachainmhithe. |
| 3002 90 30 | Fuil ainmhíoch arna hullmhú le haghaidh úsáidí teiripeacha, próifiolacsacha nó diagnóiseacha | Uile. |
| Ex30 02 90 50 | Saothrúcháin miocrorgánach | Pataiginí eile agus saothrúcháin pataiginí le haghaidh ainmhithe, agus an méid sin amháin. |
| Ex30 02 90 90 | Eile | Pataiginí eile agus saothrúcháin pataiginí le haghaidh ainmhithe, agus an méid sin amháin. |
| Ex30 06 92 00 | Dramhaíl chógaisíochta | Táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe amháin.<br>Dramhaíl chógaisíochta, táirgí cógaisíochta, atá mí-oiriúnach don chríoch dar ceapadh iad ar dtús. |

CAIBIDIL 31

## Leasacháin

### Nótaí a ghabhann le Caibidil 31 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) fuil ainmhíoch ó cheannteideal 0511;

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex31 01 00 00 | Leasacháin ainmhíocha nó plandúla, bídís measctha le chéile nó ná bídís, nó cóireáilte ó thaobh ceimice; leasacháin arna dtáirgeadh trí tháirgí ainmhíocha nó plandúla a mheascadh le chéile nó cóireáil cheimiceach a dhéanamh orthu | Táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe i bhfoirm neamhthanaithe, agus sin amháin.<br>Cumhdaítear leis sin guanó seachas guanó mianraithe.<br>Cumhdaítear leis sin aoileach measctha le próitéin ainmhíoch phróiseáilte, má úsáidtear mar leasachán é; ach eisiatar meascáin aoiligh cheimicigh a úsáidtear mar leasacháin (féach ceannteideal 3105, nach gcumhdaítear ach leasacháin mhianracha nó cheimiceacha leis).<br>Ceanglais shonracha maidir le haoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte agus guanó ó ialtóga, déantar iad a leagan amach i Sraith 1 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex31 05 10 00 | Earraí faoin gcaibidil seo i dtáibléid nó i bhfoirmeacha comhchosúla nó i bpacáistí nach mó ná 10 kg a n-ollmheáchan | Leasacháin ina bhfuil táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe, agus iad sin amháin.<br>Ceanglais shonracha maidir le haoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte agus guanó ó ialtóga, déantar iad a leagan amach i Sraith 1 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 32

**Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainniní agus a ndíorthaigh; ruaimeanna, líocha agus ábhar dathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúigh**

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 32 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"…

3. Tá feidhm ag ceannteidil 3203, 3204, 3205 agus 3206 freisin maidir le hullmhóidí bunaithe ar ábhar dathúcháin (lena n-áirítear, i gcás cheannteideal 3206, líocha dathúcháin cheannteideal 2530 nó Chaibidil 28, calóga miotail agus púdair mhiotail), de chineál a úsáidtear chun aon ábhar a dhathú nó a úsáidtear mar chomhábhair agus ullmhóidí dathúcháin á monarú. Mar sin féin, níl feidhm ag na ceannteidil maidir le líocha easraithe i meán nach uiscín é, i bhfoirm leachtach nó taois, de chineál a úsáidtear agus péinteanna á monarú, lena n-áirítear cruain (ceannteideal 3212), ná maidir le hullmhóidí eile i gceannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3212, 3213 nó 3215.

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex32 03 | Ábhar dathúcháin de bhunadh ainmhíoch (lena n-áirítear eastóscáin súdaireachta ach gan dubh ainmhíoch a áireamh), bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís, ullmhóidí mar a shonraítear i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo bunaithe ar ábhar dathúcháin de bhunadh ainmhíoch | Easráin datha i mbonn saille bainne a úsáidtear chun bia nó beatha a tháirgeadh, agus na heasráin sin amháin. |
| Ex32 04 | Ábhar dathúcháin orgánach sintéiseach, bíodh sé sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh; ullmhóidí mar a shonraítear i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo | Easráin datha i mbonn saille bainne a úsáidtear chun bia nó beatha a tháirgeadh, agus na heasráin sin amháin. |

| | | |
|---|---|---|
| | bunaithe ar ábhar dathúcháin orgánach sintéiseach; táirgí orgánacha sintéiseacha de chineál a úsáidtear mar oibreáin ghealaithe fhluaraiseacha nó mar lúmanafóir, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís | |

CAIBIDIL 33

**Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaide nó maisíochta**

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex33 02 | Meascáin de shubstaintí cumhra agus meascáin (lena n-áirítear tuaslagáin alcóil) de bhunús ceann amháin nó níos mó de na substaintí sin, de chineál a úsáidtear mar amhábhair i dtionscal; ullmhóidí eile atá bunaithe ar shubstaintí cumhra, de chineál a úsáidtear chun deochanna a mhonarú | Blastáin i mbonn saille bainne a úsáidtear chun bia nó beatha a tháirgeadh, agus na blastáin sin amháin. |

CAIBIDIL 35

**Substaintí albaimionóideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí**

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex35 01 | Cáiséin, cáiséanáití agus díorthaigh cháiséine eile; gliúnna cáiséine | Cáiséin atá ceaptha mar bhia don duine, mar bheatha d'ainmhithe nó chun críoch teicniúil.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le bainne, táirgí bainnebhunaithe agus gruth buí nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a leagan amach i Sraith 4 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex35 02 | Albaiminí (lena n-áirítear tiúcháin dhá phróitéin mheidhg nó níos mó, ina bhfuil cion is mó ná 80 % próitéin mheidhg de réir meáchain, a ríomhtar de réir an ábhair thirim), albaiminí agus díorthaigh albaimin eile | Cumhdaítear leis sin táirgí a dhíorthaítear ó uibheacha agus a dhíorthaítear ó bhainne bídís nó ná bídís ceaptha mar bhia don duine (lena n-áirítear críocha beatha ainmhithe).<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le bainne, táirgí bainnebhunaithe agus gruthanna buí nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a leagan amach i Sraith 4 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 agus déantar ceanglais maidir le táirgí uibhe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a leagan amach i Sraith 9 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

| | | |
|---|---|---|
| 3503 00 | Geilitín (lena n-áirítear geilitín ina leatháin dhronuilleogacha (lena n-áirítear leatháin chearnógacha) bídís dromchlashaothraithe nó dathaithe nó ná bídís); agus díorthaigh gheilitín; iascghlae; gliúnna eile de bhunadh ainmhíoch, seachas gliúnna cáiséine i gceannteideal 3501 | Cumhdaítear leis sin geilitín atá ceaptha mar bhia don duine, mar bheatha ainmhithe agus le haghaidh úsáid theicniúil.<br>Geilitín a aicmítear i gceannteideal 3913 (próitéiní cruaite) agus i gceannteideal 9602 (geilitín oibrithe, neamhchruaite agus earraí geilitín neamhchruaite), mar shampla, capsúil fholmha mura bhfuil siad ceaptha mar bhia duine ná don ainmhí, eisiatar ó rialuithe oifigiúla iad.<br>Déantar ceanglais shonracha a leagan amach i Sraith 5 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le geilitín agus próitéin hidrealaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus i Roinn 11 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le fótaigheilitín. |
| Ex35 04 00 | Peaptóin agus a ndíorthaigh; substaintí próitéine eile agus a ndíorthaigh, nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile; púdar seithe, bíodh sé crómaithe nó ná bíodh | Cumhdaítear leis sin collaigin agus próitéiní hidrealaithe atá ceaptha mar bhia don duine, mar bheatha ainmhithe agus le haghaidh úsáid theicniúil.<br>Cumhdaítear leis sin táirgí collaigin próitéinbhunaithe a dhíorthaítear ó sheithí, craicne agus teannáin ainmhithe, lena n-áirítear cnámha i gcás muc, éanlaith chlóis agus iasc.<br>Cumhdaítear leis sin próitéiní hidrealaithe arb éard atá iontu polaipeiptídí, peiptídí nó aimíonaigéid, agus meascáin díobh, a fhaightear le hidrealú seachtháirgí ainmhithe. Déantar iad a eisiamh ó rialuithe oifigiúla nuair a úsáidtear mar bhreiseáin in ullmhóidí bia iad (ceannteideal 2106).<br>Cumhdaítear leis sin aon seachtháirge bainne atá ceaptha mar bhia don duine i gcás nach gcumhdaítear faoi cheannteideal 0404 é.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le collaigin a leagan amach i Sraith 8 agus maidir le geilitín agus próitéin hidrealaithe a leagan amach i Sraith 5 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |
| Ex35 07 10 00 | Binid agus tiúcháin di | Binid agus tiúcháin atá ceaptha mar bhia don duine nach ndíorthaítear ach ó tháirgí ainmhithe. |
| Ex35 07 90 90 | Einsímí eile seachas binid agus tiúcháin di nó liopáis lipeapróitéine nó próitéáis alcaileach aspeirgilis | De bhunadh ainmhíoch amháin. |

CAIBIDIL 38

## Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 38 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"…

4. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn "dramhaíl chathrach" dramhaíl de chineál a bhailítear ó theaghlaigh, ó óstáin, ó bhialanna, ó ospidéil, ó shiopaí, ó oifig, etc. cosamar bóithre agus pábhála, chomh maith le dramhaíl tógála agus scartála. Is iondúil go mbíonn réimse leathan ábhar i ndramhaíl chathrach amhail plaistigh, rubar, adhmad, páipéar, teicstílí, gloine, miotail, ábhair bhia, troscán briste agus earraí damáistithe nó cuileáilte eile.

..."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex38 22 00 00 | Imoibreáin dhiagnóiseacha nó saotharlainne ar thaca, imoibreáin dhiagnóiseacha nó saotharlainne ullmhaithe bídís ar thaca nó ná bídís, seachas iad siúd faoi cheannteideal 3002 nó faoi cheannteideal 3006; ábhair thagartha dheimhnithe | Táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe amháin, seachas feistí leighis mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(a) de Threoir 93/42/CEE ón gComhairle ([1]) agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(b) de Threoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). |
| Ex38 25 10 00 | Dramhaíl chathrach | Dramhaíl lónadóireachta ina bhfuil táirgí ainmhithe, agus an dramhaíl sin amháin, má thagann sí faoi raon feidhme phointe (g) d’Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, seachas dramhaíl lónadóireachta a thionscnaíonn go díreach ó chóir iompair a oibrítear go hidirnáisiúnta agus arna diúscairt i gcomhréir le hAirteagal 12(d) den Rialachán sin.<br>Maidir le hola chócaireachta úsáidte, atá ceaptha lena húsáid faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, mar shampla, le haghaidh leasacháin orgánacha, bithgháis, bithdhíosail nó breosla, is féidir í a chumhdach leis an gcód AC seo. |

([1]) ([1]) Treoir 93/42/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí leighis (IO L 169, 12.7.1993, lch. 1).
([2]) Treoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* (IO L 331, 7.12.1998, lch. 1).

CAIBIDIL 39

## Plaistigh agus earraí díobh

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex39 13 90 00 | Polaiméirí nádúrtha eile (seachas aigéad ailgineach, a shalainn agus a eistir) agus polaiméirí nádúrtha modhnaithe (mar shampla próitéiní cruaite, díorthaigh cheimiceacha ó rubar nádúrtha), nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile, i bhfoirmeacha príomhúla | Táirgí nach ndíorthaítear ó ainmhithe amháin, mar shampla, sulfáit condróitine, ciotósán, geilitín cruaite. |
| Ex39 17 10 10 | Putóga saorga (craicne ispíní) déanta as próitéiní cruaite nó as ábhair cheallalósacha | Táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe amháin. |
| Ex39 26 90 97 | Earraí eile as plaistigh agus earraí as ábhair eile faoi cheannteidil 3901 go 3914 déanta ar bhealach eile seachas as leatháin | Capsúil fholmha déanta as geilitín neamhchruaite atá ceaptha mar bhia don duine nó d’ainmhithe; Déantar ceanglais shonracha maidir le cleití a leagan amach i Sraith 5 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil II d’Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 41

## Seithí agus craicne amha (seachas fionnadhsheithí) agus leathar

**Barúlacha ginearálta**

Níl ach seithí agus craicne ó chrúbacha a chumhdaítear i gceannteidil 4101, 4102, 4103 le cur faoi réir rialuithe oifigiúla.

Déantar ceanglais shonracha maidir le seithí agus craicne ó chrúbacha a leagan síos i Sraitheanna 4 agus 5 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 41 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) dramh bearrtha ná dramhaíl chomhchosúil, ó sheithí amha ná ó chraicne amha (ceannteideal 0511);

(b) craicne éin ná codanna de chraicne éin, lena gcleití nó lena gclúmh, ó cheannteideal 0505 nó ó cheannteideal 6701; ná

(c) seithí ná craicne, leis an bhfionnadh nó leis an olann orthu, agus iad amh, súdaraithe nó cóirithe (Caibidil 43); mar sin féin, tá an méid seo a leanas le haicmiú i gCaibidil 41, eadhon, seithí agus craicne amha, leis an bhfionnadh nó leis an olann orthu, ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), ó eachainmhithe, ó chaoirigh nó ó uain (seachas uain de chuid na hAstracáine, uain an Eireabaill Fhada, uain Characúil, uain Pheirseacha, nó uain chomhchosúla, uain Indiacha, Shíneacha, Mhongólacha nó Thibéadacha), ó ghabhair agus ó mheannáin (seachas gabhair agus meannáin de chuid Éimin, na Mongóile nó na Tibéide), ó mhucra (lena n-áirítear picirí), ó sheamaí, ó ghasailí, ó chamaill (lena n-áirítear dromadairí), ó réinfhianna, ó fhianna móra, ó fhianna, ó ruaphoic nó ó mhadraí.

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex41 01 | Seithí agus craicne amha ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó eachainmhithe (atá úr, nó saillte, triomaithe, aolta, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil súdaraithe, párchóirithe ná ullmhaithe a thuilleadh), bídís nó ná bídís bearrtha nó scoilte | Seithí agus craicne atá úr, fuaraithe nó cóirithe, lena n-áirítear triomaithe, tirimshaillte, fliuchshaillte, nó leasaithe le próiseas seachas an tsúdaireacht nó próiseas coibhéiseach, agus na seithí agus na craicne sin amháin.<br><br>Is féidir go mbeidh allmhairiú gan srianta indéanta le haghaidh seithí agus craicne cóirithe dá dtagraítear i bpointe C.2 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, má tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 41(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, go háirithe maidir le ex 4101 20 80 agus ex 4101 50 90. |
| Ex41 02 | Craicne amha ó chaoirigh nó ó uain (atá úr, nó saillte, triomaithe, aolta, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil súdaraithe, párchóirithe ná ullmhaithe a thuilleadh), bíodh an olann orthu nó ná bíodh agus bídís scoilte nó ná bídís, seachas na craicne sin a eisiatar le Nóta 1(c) a ghabhann leis an gCaibidil seo | Seithí agus craicne atá úr, fuaraithe nó cóirithe, lena n-áirítear triomaithe, tirimshaillte, fliuchshaillte, nó leasaithe le próiseas seachas an tsúdaireacht nó próiseas coibhéiseach, agus na seithí agus na craicne sin amháin.<br><br>Is féidir go mbeidh allmhairiú gan srianta indéanta le haghaidh seithí agus craicne cóirithe dá dtagraítear i bpointe C.2 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, má tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 41(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, go háirithe maidir le ex 4102 21 00 agus ex 4102 29 00. |
| Ex41 03 | Seithí agus craicne amha eile (atá úr, nó saillte, triomaithe, aolta, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil súdaraithe, párchóirithe ná ullmhaithe a thuilleadh), bídís nó ná bídís bearrtha nó scoilte, seachas na seithí agus na craicne sin a eisiatar le Nóta 1(b) nó le Nóta 1(c) a ghabhann leis an gCaibidil seo | Seithí agus craicne atá úr, fuaraithe nó cóirithe, lena n-áirítear triomaithe, tirimshaillte, fliuchshaillte, nó leasaithe le próiseas seachas an tsúdaireacht nó próiseas coibhéiseach, agus na seithí agus na craicne sin amháin.<br><br>Is féidir go mbeidh allmhairiú gan srianta indéanta le haghaidh seithí agus craicne cóirithe dá dtagraítear i bpointe C.2 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, má tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 41(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, go háirithe maidir le ex 4103 90 00. |

CAIBIDIL 42

**Earraí leathair; diallatraí agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin chomhchosúla; earraí déanta as inne ainmhithe (seachas inne seiriceán)**

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 42 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"…

2. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) caolán steiriúil máinliachta ná ábhair uama steiriúla chomhchosúla (ceannteideal 3006);

…

(ij) sreanga, craicne le haghaidh drumaí nó a leithéid, ná páirteanna eile d'uirlisí ceoil (ceannteideal 9209).

…"

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex42 05 00 90 | Earraí eile as leathar nó as leathar comhdhéanta | Cumhdaítear leis sin ábhar coganta do mhadraí agus ábhar chun ábhar coganta do mhadraí a mhonarú. |
| Ex42 06 00 00 | Earraí déanta as inne (seachas inne seiriceán), as craiceann buailteora óir, as lamhnáin nó as teannáin | Cumhdaítear leis sin ábhar coganta do mhadraí agus ábhar chun ábhar coganta do mhadraí a mhonarú. |

CAIBIDIL 43

**Fionnadhsheithí agus fionnadh saorga; earraí monaraithe díobh**

**Nótaí a ghabhann le Caibidil 43 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Ar fud na hainmníochta, tá feidhm ag tagairtí do "fionnadhsheithí", seachas fionnadhsheithí amha cheannteideal 4301, maidir le seithí agus craicne na n-ainmhithe uile atá súdaraithe nó cóirithe leis an olann orthu.

2. Leis an gcaibidil seo ní chumhdaítear:

(a) craicne éin ná codanna de chraicne éin, lena gcleití nó lena gclúmh (ceannteideal 0505 nó 6701);

(b) seithí ná craicne amha, leis an bhfionnadh nó leis an olann orthu ó Chaibidil 41 (féach nóta 1(c) a ghabhann leis an gcaibidil sin);

…"

**Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

"Ceannteideal 4301: Meastar gur amhearraí iad fionnadhsheithí agus go dtagann siad faoin gceannteideal seo ní hamháin nuair atá siad sa staid nádúrtha, ach freisin má tá siad glanta agus leasaithe ó mheathlú, e.g., trína dtriomú nó trína sailleadh (fliuch nó tirim). Féadfaidh an fionnadh a bheith "tarraingthe" nó "lomtha" freisin, i.e., féadfaidh an fionnadh garbh a bheith bainte as nó gearrtha anuas, nó féadfaidh próiseas 'bainte craicne' a bheith curtha i bhfeidhm ar dhromchla an chraicinn nó féadfaidh sé a bheith scríobtha."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex43 01 | Fionnadhsheithí amha (lena n-áirítear cinn, eireabaill, lapaí agus píosaí nó gearrtháin eile, atá oiriúnach lena n-úsáid ag fionnadóirí), seachas seithí agus craicne amha faoi cheannteideal 4101, 4102 nó 4103 | Uile, seachas fionnadhsheithí atá cóirithe i gcomhréir le Caibidil VIII d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, má tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 41(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cumhdaítear leis sin na fo-cheannteidil seo a leanas:<br>Ex43 01 10 00 (ó mhinceanna iomlána, an ceann, an t-eireaball nó na lapaí orthu nó gan bheith orthu): déantar ceanglais shonracha maidir le táirgí díorthaithe lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beatha (fionnadh) a leagan amach i Sraith 14 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br>Ex43 01 30 00 (ó uain, mar a leanas: uain de chuid na hAstracáine, uain an Eireaball Fhada, uain Characúil, uain Pheirseacha agus uain chomhchosúla, uain Indiacha, Shíneacha, Mhongólacha nó Thibéadacha atá iomlán, an ceann, an t-eireaball nó na lapaí orthu nó gan bheith orthu): déantar ceanglais shonracha maidir le seithí agus craicne ó chrúbacha a leagan amach i Sraith 5 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br>Ex43 01 60 00 (ó shionnaigh iomlána, an ceann, t-eireaball nó na lapaí orthu nó gan bheith orthu): déantar ceanglais shonracha maidir le táirgí díorthaithe lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beatha (fionnadh) a leagan amach i Sraith 14 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br>Ex43 01 80 00 (fionnadhsheithí iomlána eile, an ceann, an t-eireaball nó na lapaí orthu nó gan bheith orthu): seachas crúbacha, mar shampla, marmait, féilínigh fhiáine, rónta, cadhpúnna. Déantar ceanglais shonracha maidir le táirgí díorthaithe lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beatha (fionnadh) a leagan amach i Sraith 14 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.<br>Ex43 01 90 00 (cinn, eireabaill, lapaí agus píosaí nó gearrtháin eile, atá oiriúnach lena n-úsáid ag fionnadóirí): déantar ceanglais shonracha maidir le táirgí díorthaithe lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beatha (fionnadh) a leagan amach i Sraith 14 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 51

**Olann, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh; snáth róin agus fabraic fhite**

**Barúlacha ginearálta**

Maidir le ceannteidil 5101 go 5103 déantar ceanglais shonracha maidir holann agus fionnadh neamhchóireáilte a leagan amach i Sraith 8 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

**Nóta a ghabhann le Caibidil 51 (sliocht as na Nótaí a ghabhann leis an gCaibidil seo de AC)**

"1. Ar fud na hainmníochta:

(a) ciallaíonn "olann" an snáithín nádúrtha a bhfásann caoirigh nó uain é.

(b) ciallaíonn "fionnadh ainmhíoch mín" fionnadh alpacaí, lámaí, viciúiní, camall (lena n-áirítear dromadairí), geacanna, gabhar angóra, gabhar Tibéadach, gabhar Caismíreach nó gabhar comhchosúil (seachas gabhair choiteanna), coiníní, (lena n-áirítear coiníní angóra), giorriacha, béabhar, cadhpúnna nó muscfhrancach.

(c) ciallaíonn "fionnadh ainmhíoch garbh" an fionnadh ainmhíoch nach luaitear thuas, seachas fionnadh déanta scuab agus guairí (ceannteideal 0502) agus rón (ceannteideal 0511)."

**Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

"Ar fud na hAinmníochta ciallaíonn an téarma "fionnadh ainmhíoch garbh" an fionnadh ainmhíoch uile eile seachas "fionnadh ainmhíoch mín" diomaite d'olann (ceannteideal 5101), fionnadh moingeanna nó eireaball eachainmhithe nó bó-ainmhithe (a aicmítear mar "rón" faoi cheannteideal 0511), guairí nó fionnadh muc, borraí nó torc agus fionnadh broc nó fionnadh déanta scuab eile (ceannteideal 0502) féach Nóta 1(c))."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex51 01 | Olann, nach bhfuil cardáilte ná cíortha | Olann neamhchóireáilte. |
| Ex51 02 | Fionnadh ainmhíoch mín nó garbh, nach bhfuil cardáilte ná cíortha | Fionnadh neamhchóireáilte, lena n-áirítear fionnadh garbh ó chliatháin bó-ainmhithe nó eachainmhithe. |
| Ex51 03 | Dramhaíl olla nó fionnaidh ainmhíoch mhín nó ghairbh, lena n-áirítear dramhaíl snátha seachas stoc gairnéadaithe | Olann nó fionnadh neamhchóireáilte. |

CAIBIDIL 67

## Cleití agus clúmh ullmhaithe agus earraí atá déanta as cleití nó as clúmh; bláthanna saorga; earraí atá déanta as gruaig dhaonna

**Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

"Le ceannteideal 6701 cumhdaítear:

(A) Craicne agus codanna eile d'éin lena gcleití nó lena gclúmh, cleití agus clúmh, agus codanna de chleití, a chuaigh, cé nach earraí rédhéanta iad fós, faoi phróiseas seachas cóireáil shimplí a bhaineann le glanadh, díghalrú nó leasú (féach an Nóta Míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 0505); féadfaidh earraí an cheannteidil seo a bheith, mar shampla, tuartha, ruaimnithe, catach nó droimníneach.

(B) Earraí déanta as craicne nó as codanna eile d'éin lena gcleití nó lena gclúmh, earraí déanta as cleití, nó as clúmh nó as codanna de chleití, fiú amháin má tá na cleití nó an clúmh, etc., neamhoibrithe nó glanta amháin, ach seachas earraí déanta as gas an chleite nó cos an chleite. Dá bhrí sin, leis an gceannteideal seo áirítear:

(1) Cleití aonair a ndearna a gcosa a shreangú nó a cheangal lena n-úsáid, mar shampla, sa haitéireacht, agus cleití cumaisc aonair freisin cóimeáilte as eilimintí éagsúla.

(2) Cleití atá cóimeáilte i bhfoirm cuircíní, agus cleití nó clúmh atá cóimeáilte trína ngliúáil ar fhabraic theicstíle nó ar bhonn eile, nó trína ngreamú d'fhabraic nó bonn den sórt sin.

(3) Ciumhsóga déanta as éin, codanna d'éin, as cleití nó clúmh, le haghaidh hataí, bóanna, bónaí, cábaí nó baill éadaigh eile nó gabhálais éadaigh eile.

(4) Feananna déanta as cleití ornáideacha, le frámaí déanta as aon ábhar. Mar sin féin, déantar feananna le frámaí nó miotal lómhar a aicmiú i gceannteideal 7113."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex67 01 00 00 | Craicne agus codanna eile d'éin lena gcleití nó lena gclúmh, cleití, codanna de chleití, clúmh agus earraí díobh sin (seachas táirgí faoi cheannteideal 0505 agus cos oibrithe an chleite agus gas oibrithe an chleite) | Craicne agus codanna eile d'éin lena gcleití nó lena gclúmh, cleití agus clúmh, agus codanna de chleití, agus an méid sin amháin.<br>Earraí déanta as craicne, cleití nó clúmh, agus codanna de chleití, agus iad neamhoibrithe nó glanta amháin. |

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| | | Seachas cleití maisiúla cóireáilte, cleití cóireáilte arna n-iompar ag taistealaithe dá n-úsáid phríobháideach nó coinsíneachtaí cleití cóireáilte arna seoladh chuig daoine aonair príobháideacha chun críoch neamhthionsclaíoch.<br>Déantar ceanglais shonracha maidir le cleití a leagan amach i Sraith 9 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 71

**Péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara, miotail lómhara, miotail atá cumhdaithe le miotal lómhar, agus earraí díobh; seodra bréige; boinn**

**Tuairim 7101,21/1 de réir an Chórais Comhchuibhithe um Aicmiú**

"Oisrí atá mí-oiriúnach mar bhia don duine, ina bhfuil péarla saothraithe amháin nó níos mó, leasaithe faoi sháile agus coimeádta i gcoimeádáin miotail aer-obacha."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex71 01 21 00 | Péarlaí saothraithe neamhoibrithe | Áirítear leis sin oisrí atá mí-oiriúnach mar bhia don duine, ina bhfuil péarla saothraithe amháin nó níos mó, leasaithe faoi sháile nó le modhanna éagsúla, pacáistithe i gcoimeádáin aer-obacha.<br>Péarlaí saothraithe neamhoibrithe dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mura bhfuil siad eisiata ó raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 dá bhforáiltear i bpointe (f) d'Airteagal 2(2) den Rialachán sin. |

CAIBIDIL 95

**Bréagáin, cluichí agus gairis spóirt; páirteanna díobh agus gabhálais dóibh**

**Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe**

"Siamsaí faiche aonaigh, sorcais taistil, sorcais ainmhithe taistil agus amharclanna taistil, tagann siad faoi cheannteideal 9508 ar choinníoll go bhfuil na haonaid fhíor-riachtanacha uile iontu lena n-oibriú mar is gnách. Leis an gceannteideal seo áirítear freisin míreanna trealaimh thánaistigh ar choinníoll go ndéantar iad a chur i láthair leis na siamsaí éagsúla sin, agus mar chomhpháirteanna díobh, d'ainneoin, nuair a chuirtear na míreanna sin i láthair ar leithligh, go dtiocfaidís (e.g., pubaill, ainmhithe, uirlisí ceoil, gléasraí cumhachta, mótair, feistis soilsithe, suíocháin agus airm agus armlón) faoi cheannteidil eile de chuid na hainmníochta."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex95 08 10 00 | Sorcais taistil agus sorcais ainmhithe taistil | Ainmhithe beo amháin. |
| Ex95 08 90 00 | Eile: siamsaí faiche aonaigh, amharclanna taistil | Ainmhithe beo amháin. |

CAIBIDIL 96

## Earraí monaraithe ilghnéitheacha

### Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe

"Chun críocha an cheannteidil seo, tagraíonn an téarma 'oibrithe' d'ábhair a chuaigh trí phróisis a théann thar na hullmhúcháin shimplí a cheadaítear sa cheannteideal le haghaidh an amhábhair atá i gceist (féach na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le ceannteidil 05.05 go 05.08). Dá bhrí sin, leis an gceannteideal cumhdaítear píosaí d'eabhar, slata, etc. gearrtha de réir crutha (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach nó dhronuilleogach) nó snasta nó oibrithe ar bhealach eile trína meilt, trína ndruileáil, trína muilleáil, trína ndeileadh, etc. Mar sin féin, déantar píosaí atá in-sainaitheanta mar pháirteanna d'earraí a eisiaimh ón gceannteideal seo má chumhdaítear na páirteanna sin le ceannteideal eile den ainmníocht. Mar sin, tagann plátaí méar pianó agus plátaí lena gcur i bpuint arm tine faoi cheannteidil 92.09 agus 93.05 faoi seach. Mar sin féin, leanann ábhair oibrithe, nach bhfuil in-sainaitheanta mar pháirteanna d'earraí, de bheith aicmithe sa cheannteideal seo (e. g., dioscaí simplí, plátaí nó stiallacha lena n-inleagan, etc., nó lena n-úsáid ina dhiaidh sin agus méara pianó á monarú).

Le ceannteideal 9602 áirítear leatháin de gheilitín neamhchruaite gearrtha de réir crutha seachas i bhfoirm chearnógach nó dhronuilleogach. Maidir le leatháin atá gearrtha de réir cruth dronuilleogach (lena n-áirítear cruth cearnógach), bídís nó ná bídís oibrithe ar an dromchla, tagann siad faoi cheannteideal 35.03 nó faoi Chaibidil 49 (e.g., cártaí poist) (féach an Nóta Míniúcháin a ghabhann le ceannteideal 35.03). Le hearraí geilitín neamhchruaite áirítear, mar shampla:

(i) Dioscaí beaga chun reanna ciú billéardaí a ghreamú.

(ii) Capsúil le haghaidh táirgí cógaisíochta agus le haghaidh breoslaí lastóra mheicniúil."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| ex 9602 00 00 | Geilitín oibrithe neamhchruaite (seachas geilitín faoi cheannteideal 3503) agus earraí déanta as geilitín neamhchruaite | Capsúil fholmha déanta as geilitín neamhchruaite atá ceaptha mar bhia don duine nó d'ainmhithe; déantar ceanglais shonracha a leagan amach i Sraith 5 de Thábla 1 i Roinn 1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le bia ata ceaptha d'ainmhithe. |

CAIBIDIL 97

## Saothair ealaíne, earraí bailitheoirí agus seandachtaí

### Sliocht as Nótaí Míniúcháin an Chórais Comhchuibhithe

" (A) **Áirítear leis an gceannteideal bailiúcháin agus earraí bailitheoirí ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, na mianreolaíochta nó na hanatamaíochta, amhail:**

(1) Ainmhithe marbha d'aon speiceas, leasaithe tirim nó i leacht; ainmhithe stuáilte lena mbailiú.

(2) Uibheacha séidte nó ólta; feithidí i mboscaí, i bhfrámaí, etc. (seachas earraí suite ar seodra bréige nó áilleagáin iad); blaoscanna folmha, seachas de chineál atá oiriúnach le haghaidh úsáid thionsclaíoch.

(3) Síolta nó plandaí, triomaithe nó leasaithe i leacht; luslanna.

(4) Eiseamail de mhianraí (seachas clocha lómhara nó scothlómhara a thagann faoi Chaibidil 71); eiseamail de chlochrú.

(5) Eiseamail oisté-eolaíochta (cnámharlaigh, blaoscanna, cnámha).

(6) Eiseamail anatamaíochta agus paiteolaíochta."

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex97 05 00 00 | Bailiúcháin agus earraí bailitheoirí ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, na mianreolaíochta, na hanatamaíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta | Táirgí a dhíorthaítear ó ainmhithe amháin.<br>Eisiatar leis sin trófaithe géim agus ullmhóidí eile d'aon speiceas ainmhíoch ar ar cuireadh cóireáil seitheadóireachta iomlán, rud a áirithíonn go leasófar ag teochtaí comhthimpeallacha iad. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Eisiatar leis sin trófaithe géim agus ullmhóidí eile ó speicis eile seachas crúbacha agus éin (cibé acu cóireáilte nó neamhchóireáilte).<br><br>Déantar ceanglais shonracha maidir le trófaithe géim a leagan amach i Sraith 6 de Thábla 2 i Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. |

CAIBIDIL 99

## Cóid AC speisialta

### Cóid staitistiúla le haghaidh gluaiseachtaí earraí, ar gluaiseachtaí sonracha ar leith iad

### Barúlacha ginearálta

Cumhdaítear leis an gcaibidil seo earraí ar de thionscnamh tríú tíortha iad agus arna seachadadh ar shoithí agus aerárthaí laistigh den Aontas Eorpach faoi nós imeachta idirthurais custaim (T1).

| Cód AC | Tuairisc | Cáilíocht agus míniú |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Ex 9930 24 00 | Earraí i gCaibidlí 1 go 24 de AC arna seachadadh ar shoithí agus aerárthaí | Táirgí de bhunadh ainmhíoch atá dírithe ar sholáthar loinge dá bhforáiltear in Airteagail 21 agus 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún ([7]). |
| Ex 9930 99 00 | Earraí a aicmítear in áit eile arna seachadadh ar shoithí agus aerárthaí | Táirgí de bhunadh ainmhíoch atá dírithe ar sholáthar loinge dá bhforáiltear in Airteagail 21 agus 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124. |

([7]) IO L 321, 12.12.2019, lch. 73.